



CÁS-STAIIDÉAR

COLMÓIR SAN AE



STRUCHTÚR PRAGHSANNA SA SLABHRA SOLÁTHAIR

AN FHRAINIC, AN SPÁINN AGUS
ÉIRE IDIR CHAMÁIN

SAMHAIN 2025

WWW.EUMOFA.EU

Gnóthaí Muirí
agus Iascach

Críochnaíodh an lámhscríbhinn i mí na Samhna 2025.

Níl an Coimisiún Eorpach faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a eascraíonn as athúsáid an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025



© An tAontas Eorpach, 2025

Cuirtear beartas athúsáide dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh i bhfeidhme de réir Chinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39).

Ach amháin má luaitear a mhalairt, údaraítear athúsáid an doiciméid seo faoi cheadúnas Admhála Idirnáisiúnta Creative Commons 4.0 (CC-BY 4.0)(<https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/>). Is ionann sin agus a rá go gceadaítear athúsáid ar chuntar go dtugtar creidiúint chuí agus go léirítear aon athruithe a rinneadh.

Chun aon chuid nach leis an Aontas Eorpach í a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a lorg go díreach ó na sealbhóirí cirt faoi seach. Ní leis an Aontas Eorpach an cóipcheart i ndáil leis an gcuid seo a leanas:

Grianghraf clúdaigh: ©shutterstock 2649930439

PDF ISBN 978-92-68-36497-0 doi: 10.2771/2938408 KL-01-24-013-GA-N

LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL NÓ LE TUAIRIMÍ A NOCHTADH:

An Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Muirí agus Iascaigh

B-1049 an Bhruiséil

Ríomhphost: contact-us@eumofa.eu

Clár ábhar

ACHOIMRE	1
LIOSTA ACRAINMNEACHA	3
1 SCÓIP AGUS ÁBHAR	4
1.1 Scóip an chás-staidéir	4
1.2 Ábhar an doiciméid	4
2 CUR SÍOS AR AN TÁIRGE AGUS AR NA MARGAÍ	5
2.1 Saintréithe bitheolaíocha agus tráchtála	5
2.2 Táirgeacht dhomhanda	8
2.3 Táirgeacht AE	9
3 MARGADH NA SPÁINNE.....	13
3.1 Struchtúr an tslabhra soláthair	13
3.2 Saintréithe de mhargadh agus thomhaltas na Spáinne.....	17
3.3 Tarchur praghais sa slabhra soláthair	21
4 MARGADH NA FRAINCE	28
4.1 Struchtúr an tslabhra soláthair	28
4.2 Saintréithe de mhargadh agus thomhaltas na Fraince	32
4.3 Tarchur praghais sa slabhra soláthair	34
5 MARGADH NA HÉIREANN.....	40
5.1 Struchtúr an tslabhra soláthair	40
5.2 Saintréithe de mhargadh agus thomhaltas na hÉireann	44
5.3 Tarchur praghais sa slabhra soláthair	45
6 CONCLÚID: COMPARÁID IDIR AN TARCHUR PRAGHAIS AR CHOLMÓIR SA SPÁINN, SA FHRAINCE AGUS IN ÉIRINN.....	51
NA PÁIRTITHE LEASMHARA A CUIREADH FAOI AGALLAMH.....	53

Achoimre

In 2023¹, táirgeadh 1.170.206 tona colmóra ar fud an domhain. Tá ceithre speiceas i gceist i mórchuid an tsoláthair dhomhanda: colmóir na hAirgintíne (37%), colmóir na Rinne (23%), colmóir an Aigéin Chiúin Thuaidh (20%) agus colmóir Eorpach (8%). Speicis éagsúla eile colmóra atá sa 12% eile. Idir 2014 agus 2023, laghdaigh gabhálacha domhanda colmóra 4%. Bhí AE-27 ar an tríú táirgeoir colmóra ba mhó ar domhan, tar éis SAM agus na hAirgintíne agus chun tosaigh ar an Namaib agus an Afraic Theas. Seachas an Spáinn, arb é colmóir na hAirgintíne (*Merluccius hubbsi*) is mó a ngabhann sí, is é colmóir Eorpach (*Merluccius merluccius merluccius*) amháin, beagnach, a ghabhann an tAontas.

In 2024, ba iad an Spáinn agus an Fhrainc an dá thír ba mhó a tháirg colmóir in AE-27 (81% nó 150.991 tona agus 12% nó 21.743 tona, faoi seach). Tá ról tábhachtach ag Éirinn freisin mar mhol cuir i dtír agus glacann sí cion mór de ghabhálacha ó chabhlaigh iascaigh na Spáinne agus na Fraince. Mhéadaigh gabhail colmóra Bhallstáit AE-27 beagán idir 2015 agus 2024, ach níorbh ionann an treocht ó thír go chéile: méadaigh gabhálacha na Spáinne 36% ach laghdaigh gabhálacha na Fraince faoina leath (-50%).

B'ionann tomhaltas dealraitheach colmóra agus 516.871 tona de choibhéis bheomheáchain (CBM) in 2024. Is í an Spáinn an tomhaltóir is mó i bhfad, agus is ionann a tomhaltas dealraitheach agus 46% de thomhaltas dealraitheach AE-27 go léir. Is ionann an Spáinn, an Iodáil agus an Fhrainc le chéile agus 72% de thomhaltas dealraitheach AE-27. In 2024, d'allmhairigh AE-27 398.418 tona CBM (182.122 tona meáchain táirge) colmóra ó thíortha nach cuid de AE iad, ar luach ainmniúil EUR 765,1 billiún. B'ionann colmóir reoite agus 90% den luach allmhairithe (93% den toirt i meáchan an táirge). D'onnmhairigh AE-27 66.913 tona CBM (41.605 tona meáchain táirge) chuig margaí nach margaí AE iad, ar luach ainmniúil EUR 88,8 milliún.

Cuirtear béim ar ról na Portaingéile i dtrádáil taobh istigh den Aontas. Is an chéad cheann scríbe d'onnmhairí colmóra in-Eorpacha (idir tháirgí reoite agus ullmhaithe/leasaithe), mar mhol lóistíochta agus próiseála. Ó 2024 i leith, tá tionchar suntasach ag scaipeadh Anisakis, seadán a bhíonn ag gabháil don cholmóir, ar shreafaí trádála taobh istigh den Aontas agus ar luach an cholmóra de réir bhunúis.

Díríonn an tuarascáil seo ar an Spáinn, ar an bhFrainc agus ar Éirinn (rinneadh ceithre agallamh i ngach Ballstát):

- Is í an **Spáinn** príomhtháirgeoir agus príomhthomhaltóir colmóra in AE-27, agus 150.991 tona CBM de ghabhálacha agus 240.036 tona de thomhaltas dealraitheach CBM aici in 2024. Sa bhliain chéanna, bhí 248.599 tona CBM d'allmhairí agus 159.553 tona CBM d'onnmhairí ag an Spáinn. In 2024, b'ionann luach ainmniúil na n-allmhairí agus EUR 545,9 billiún (colmóir reoite 93%) agus bhí EUR 327,7 billiún (reoite 92%) d'onnmhairí ann. Is sainghné de mhargadh colmóra na Spáinne slabhra soláthair gearr agus 17 margadh mhóra mórdhíola (*Mercas*) a bheith ann. Sa bhliain 2024, is é colmóir an speiceas éisc úr is mó a dhíoltar sa Spáinn, agus is ionann é agus 12% de mhéid iomlán an éisc úir. Ach d'ísligh tomhaltas teaghlaigh colmóra úir go mór idir 2015 agus 2024 (-61% de réir toirte). Tá margadh na Spáinne deighilte de réir mhéid an éisc, go háirithe idir *Pescadilla* (1,5 kg) agus *Merluza* (idir 2,5 agus 5 kg). Seachas an méid, athraíonn praghsanna de réir réigiúin agus de réir modha iascaireachta (trálaeireacht nó trealamh eile, ina measc sin spiléar). Clúdaíonn struchtúr praghsanna na Spáinne colmóir úr iomlán de bhunadh na Spáinne a dhíoltar in ollmhargaí.
- Is í an **Fhrainc** an dara táirgeoir colmóra is mó in AE-27 (21.743 tona CBM de ghabhálacha) agus an tríú tomhaltóir is mó (tar éis na hIodáile), agus 47.965 tona de thomhaltas dealraitheach CBM aici in 2024. B'ionann allmhairí na Fraince agus 35.011 tona CBM agus onnmhairí 8.188 tona CBM. In 2024, b'ionann an luach ainmniúil allmhairithe EUR 86,9 billiún (colmóir reoite 79%)

¹ An bhliain is déanaí a bhfuil sonraí domhanda ar fáil ina leith (EBT)

Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um lascach agus Táirgí Dobharshaothraithe – Colmóir in AE

agus b'ionann onnmhairí agus EUR 40,6 billiún (49% colmóir úr, 39% colmóir ullmhaithe/leasaithe, 12% colmóir reoite). Is é an *colmóir* (Merlu) an 13ú speiceas éisc úir is mó a cheannaítear i miondíol na Fraince, agus is 2% de mhéid éisc úir a dhíoltar. Cé gur ó ollmhargaí 67% de na ceannacháin mhiondíola de réir toirte (62% de réir luacha), itear colmóir go forleathan as baile freisin. Tá margadh na Fraince deighilte de réir mhéid agus ghearradh an éisc, ina measc sin colmóir beag iomlán (*Merluchon*) agus filléid. Tagraíonn struchtúr praghsanna na Fraince do cholmóir “toise 3” (0,6-1,2 kg) de bhunadh na Fraince (an Bhioscáin) a dhíoltar mar fhilléad úr in ollmhargaí.

- Ba í **Éire** an cúigiú táirgeoir colmóra ba mhó in AE-27 in 2023 (3.439 tona CBM) agus an 11ú tomhaltóir (5.371 tona CBM). Measann páirtithe leasmhara go gcuirtear breis agus 10.000 tona CBM colmóra i dtír in Éirinn gach bliain, ó shoithí Francacha agus Spáinneacha den chuid is mó. Seoltar cuid mhaith den mhéid sin go díreach chuig an Spáinn agus chuig an bhFrainc gan a chlárú mar onnmhairí Éireannacha, rud a fhágann staitisticí trádála doléirmhínithe. Is é an colmóir an seachtú speiceas éisc is mó a itear in Éirinn, agus tá luach EUR 10 milliún ar dhíolacháin mhiondíola. Is colmóir allmhairithe ó thaobh amuigh de AE cuid mhór de thomhaltas na hÉireann, agus díoltar próiseáilte nó ina fhilléid úra é. Díoltar colmóir mar fhilléid i gcónaí, trí ollmhargaí den chuid is mó. Clúdaíonn struchtúr praghsanna na hÉireann colmóir úr filléadaithe de bhunadh na hÉireann a dhíoltar in ollmhargaí.

Liosta acrainmneacha

BIM	Bord Iascaigh Mhara (Gníomhaireacht Forbartha Bia Mara na hÉireann)
AC	Ainmníocht Chomhcheangailte
AE	An tAontas Eorpach (AE-27)
EBT	Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe
HORECA	Óstán, Bialann, Caifé/Lónadóireacht (Hotel, Restaurant, Café/Catering)
CBM	Coibhéis Beomheáchain
MAPA	Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia na Spáinne
BS	Ballstáit
ÚCIM	an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara
CBL	Cáin Bhreisluacha

1 SCÓIP AGUS ÁBHAR

1.1 Scóip an chás-staidéir

Tugtar achoimre sa tábla seo a leanas ar phríomhghnéithe den anailís ar struchtúr praghsanna colmóra úir agus ar dháileadh luachanna feadh an tslabhra soláthair.

Tábla 1: Scóip agus príomhghnéithe den anailís ar an struchtúr praghsanna

Táirge	Modh táirgthe	Saintréithe	Spreagthaí an mhargaidh agus praghsanna	BS faoi thrácht
Colmóir	Iascach	Ceann de na príomhspeicis tráchtála	Méid an éisc Modh iascaireachta Toirteanna allmhairí agus praghsanna colmóra ón taobh amuigh de AE Scaipeadh an tseadáin Anisakis	An Spáinn An Fhrainc Éire

Cuireann EUMOFA foilseacháin ábhartha eile ar fáil ar ábhair a phléitear sa staidéar seo:

- Anailís ar struchtúr praghsanna:
 - Colmóir úr sa Spáinn (2015): [Fresh hake ES \(eumofa.eu\)](https://eumofa.eu)
- Buaicphointí míosúla:
 - Ábhar na míosa: Colmóir in AE, in [N. 06-2024](#) lgh 43-48
 - An chéad díolachán idir chamáin: Colmóir Eorpach (an Iodáil, an Fhrainc, an Spáinn) in [N. 08-2022](#) lgh 17-20
- Próifílí tíre:
 - An Fhrainc – <https://eumofa.eu/en/france>
 - An Spáinn – <https://www.eumofa.eu/en/spain>
 - Éire – <https://eumofa.eu/en/ireland>

1.2 Ábhar an doiciméid

I gcomhréir leis an modheolaíocht a forbraíodh laistigh de EUMOFA agus atá ar fáil ar a láithreán gréasáin ([Staidéir agus tuarascálacha](#)), sa doiciméad seo tá:

- cur síos ar an táirge;
- anailís ar threochtaí táirgthe agus margaidh ar leibhéal an Aontais;
- anailís ar an struchtúr praghsanna feadh an tslabhra soláthair sa Fhrainc, sa Spáinn agus in Éirinn.

2 CUR SÍOS AR AN TÁIRGE AGUS AR NA MARGAÍ

2.1 Saintréithe bitheolaíocha agus tráchtála

Díríonn an cás-staidéar seo ar chholmóir.

Táirge an chás-staidéir

Ainm: Colmóir Eorpach (*Merluccius merluccius*)

Cód EBT 3 litir: HKE

Cur i láthair:

Cuirtear colmóir i láthair de ghnáth mar iasc iomlán, gan inní agus leis an gceann, úr nó reoite. Díoltar colmóir úr freisin réamhphacáilte mar luain, slisní nó filléid, a ullmhaítear de ghnáth ag an díolphointe deiridh. Bíonn colmóir reoite ar fáil i réimse leathan formáidí – amhail le filléid le craiceann nó gan é agus slisní – agus úsáidtear é i miasa éisc ullmhaithe.

Méideanna tráchtála:

Is é 20 cm an t-íosmhéid inleaindeála sa Mheánmhuir, 27 cm san Atlantach agus sa Mhuir Thuaidh agus 30 cm sa Skagerrak agus sa Kattegat². Tá raon méideanna tráchtála idir 0,2 agus 7-8 kg.

Speicis ionaid:

Speicis eile colmóra is mó a úsáidtear in ionad colmóra Eorpaigh, go háirithe:

- Colmóir na hAirgintíne (*Merluccius hubbsi* - cód EBT 3 litir: HKP), ón Airgintín,
- Colmóir deisceartach (*Merluccius australis* - cód EBT 3 litir: HKN), ón tSile agus ón Nua-Shéalainn,
- Colmóir na Rinne, colmóir éadomhain na Rinne (*Merluccius capensis* - cód ERS: HKK) agus Colmóir domhainuisce
- na Rinne (*Merluccius paradoxus* - cód EBT 3 litir: HKO), ón Atlantach Theas, ón Afraic Theas den chuid is mó,
- Colmóir na Seineagáile (*Merluccius senegalensis* - cód EBT 3 litir: HKM), ón Afraic Thuaidh Thiar,
- Colmóir airgid (*Merluccius bilinearis* - cód EBT 3 litir: HKS) ó Chósta Thoir Mheiriceá Thuaidh.

Cóid ghaolmhara in ainmníocht an táirge (COMEXT/EUROSTAT)

Ó 2023 feasta, déantar idirdhealú san Ainmníocht Chomhcheangailte³ (AC) idir colmóir úr, colmóir reoite agus colmóir ullmhaithe:

- Cód AC 03 02 54 11 - Colmóir na Rinne "colmóir éadomhain na Rinne" (*Merluccius capensis*) agus colmóir domhainuisce "colmóir domhainuisce na Rinne" (*Merluccius paradoxus*) iomlán úr nó fuaraithe
- Cód AC 03 02 54 15 - Colmóir deisceartach (*Merluccius australis*) iomlán úr nó fuaraithe
- Cód AC 03 02 54 19 - Colmóir (*Merluccius spp.*) iomlán úr nó fuaraithe
- Cód AC 03 02 54 90 - Colmóir (*Urophycis spp.*) iomlán úr nó fuaraithe
- Cód AC 03 66 11 - Colmóir na Rinne "colmóir éadomhain na Rinne" (*Merluccius capensis*) agus colmóir domhainuisce "colmóir domhainuisce na Rinne" (*Merluccius paradoxus*) iomlán reoite
- Cód AC 03 03 66 12 - Colmóir na hAirgintíne "colmóir an Atlantaigh Thiar Theas" (*Merluccius hubbsi*) iomlán reoite
- Cód AC 03 03 66 13 - Colmóir deisceartach (*Merluccius australis*) iomlán reoite

² [Merluccius merluccius](#)

³ Is uirlis é AC chun earraí agus marsantas a ainmniú a bunaíodh chun ceanglais na Comhtharfaí Custaim agus staidreamh trádála seachtrach an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh ag an am céanna. Is é an bunrialachán Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle; foilsítear leagan nuashonraithe d'farscibhinn I gach bliain (an leagan is déanaí: Rialachán (AE) 2024/1652 ón gComhairle).

Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um Iascach agus Táirgí Dobharshaothraithe – Colmóir in AE

- Cód AC 03 03 66 19 - Colmóir (*Merluccius spp.*) iomlán reoite
- Cód AC 03 03 66 90 - Colmóir (*Urophycis spp.*) iomlán reoite
- Cód AC 03 04 74 11 - Colmóir na Rinne "colmóir éadomhain na Rinne" (*Merluccius capensis*) agus colmóir domhainuisce "colmóir domhainuisce na Rinne" (*Merluccius paradoxus*), filléid reoite
- Cód AC 03 04 74 15 - Colmóir na hAirgintíne "colmóir an Atlantaigh Thiar Theas" (*Merluccius hubbsi*), filléid reoite
- Cód AC 03 04 74 19 - Colmóir (*Merluccius spp.*), filléid reoite
- Cód AC 03 04 74 90 - Colmóir (*Urophycis spp.*), filléid reoite
- Cód AC 03 04 95 50 - Colmóir (*Merluccius spp.*), feoil reoite, bíodh sí mionaithe nó ná bíodh (seachas filléid agus surimi)
- Cód AC 16 04 19 94 - Colmóir (*Merluccius spp.*, *Urophycis spp.*) ullmhaithe nó leasaithe, iomlán nó i bpíosáí (seachas mionmhionaithe agus filléid, amh, gan ach brat fuidrimh nó grabhróg aráin, bíodh sé réamhfhriochta in ola, reoite, nó ná bíodh)

Paraiméadair bhitheolaíocha

Is mór tionchar a ghnáthóige agus a chothaithe ar thimthriall bitheolaíoch an cholmóra Eorpaigh (*Merluccius merluccius*). Itheann colmóirí óga crústaigh den chuid is mó, go háirithe crill agus amfapóid, ach itheann colmóirí fásta níos mó éisc, go háirithe éisc bheaga amhail ainseabhaithe, sairdíní, scadáin agus go fiú colmóirí óga, chomh maith le máithreacha súigh. Maireann an speiceas uisce idir 70 agus 370 méadar ar doimhneacht go hiondúil. Fanann sé gar do ghrinneall na farraige i rith an lae agus imirceann sé go hingearach san oíche chun é féin a bheathú⁴.

Síolraíonn an colmóir trí bhaiscscitheadh. Is fada an séasúr sceite agus athraíonn sé ó áit go chéile: tarlaíonn sé níos déanaí sna pobail is faide ó thuaidh: Nollaig-Meitheamh sa Mheánmhuir, Feabhra-Bealtaine i mBá na Bioscáine, Aibreán-Iúil amach ó Iarthar na hÍoslainne, agus Bealtaine-Lúnasa amach ó Iarthar na hAlban⁵. Baineann na fireannaigh lánaibíocht ghnéasach amach nuair atá siad thart ar 40 cm ar fhad (thart ar 4 bliana d'aois), ach tagann na baineannaigh in aibíocht níos déanaí, ag 50-60 cm (thart ar 6-7 mbliana d'aois). Is mar gheall ar aibíocht mhoillithe na mbaineannach go bhfuil siad níos mó ar an meán agus tá sí tábhachtach chun dinimic an phobail a chothú⁶.

⁴ <https://www.fao.org/fishery/en/aqspecies/2238/en>

⁵ Ibid.

⁶ [Merluccius merluccius, Colmóir Eorpach : iascach, géimiasc](#)

Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um Iascach agus Táirgí Dobharshaothraithe – Colmóir in AE

Tábla 2: Paraiméadair bhitheolaíocha an cholmóra Eorpaigh (*M. merluccius*)

Paraiméadar	Saintréithe
Teocht	5-25°C
Gnáthóg	Uiscí cósta idir 0 agus 1000 m ar doimhneacht
Aibíocht ghnéasach	Síolraíonn an colmóir den chéad uair nuair atá an fireannach thart ar 40 cm (aois mheasta: 4 bliana) agus nuair atá an bainneannach thart ar 50-60 cm (aois mheasta: 6/7 mbliana).
Cothú san fhiántas	Itheann colmóirí fásta iasc den chuid is mó (colmóirí beaga, ainseabhaithe, pilséir, scadáin, troisc, sairdíní agus speicis ghadóideacha) agus máithreacha súigh.
Óige	3 bliana
Fás	18 mí - 24 mhí le 27 cm a shárú
Dáileadh san fhiántas	An tAtlantach Thoir: An Iorua agus an Íoslainn, ó dheas go dtí an Mháratáin. Chomh maith leis sin, sa Mheánmhuir agus feadh chósta theas na Mara Duibhe.

Foinse: Fishbase

2.2 Táirgeacht dhomhanda

2.2.1 Forbhreathnú

Bhí táirgeacht dhomhanda colmóra 1,2 billiún tona in 2023, is ionann sin agus laghdú 4% i gcomparáid le 2014.


Tábla 3: Forbairt táirgeachta domhanda colmóra (i dtonaí CBM)

	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	Difear 2014/23
Gabhálacha	1.221.567	1.120.480	1.324.190	1.434.468	1.334.926	1.429.437	1.239.447	1.238.123	1.248.449	1.170.206	-4%

Foinse: EBT

In 2023, ba cholmóir na hAirgintíne a bhí i 37% de tháirgeacht dhomhanda colmóra, 430.374 tona san iomlán. Ba iad an Airgintín agus an Spáinn na príomhthíortha táirgthe agus 69% agus 22% de ghabhálacha domhanda colmóra na hAirgintíne, faoi seach, acu. B'ionann colmóir na Rinne agus 23% de na gabhálacha domhanda colmóra, an t-iomlán acu, beagnach, ón Namaib (58%) agus an Afraic Theas (42%). B'ionann colmóir an Aigéin Chiúin Thuaidh, a ghabh na Stáit Aontaithe (SAM) (91%) den chuid is mó, agus 20% den táirgeacht dhomhanda. Níor cholmóir Eorpach ach le 8% den táirgeacht dhomhanda, agus ba é cabhlach AE a rinne 79% de na gabhálacha sin.

Fíor 1: Gabhálacha domhanda colmóra de réir speicis in 2023



Foinse: EBT

2.2.2 Forbairt dhomhanda na ngabhálacha colmóra

Gabhtar an colmóir i ndeisceart, in oirthuaisceart agus in iarthar an Atlantaigh den chuid is mó. Laghdaigh gabhálacha domhanda colmóra 4% idir 2014 agus 2023. Lena linn sin, luainíodh an táirgeacht, agus bhain sí buaicphointe 1,4 milliún tona amach in 2017. In 2023, ba í an Airgintín an príomhtháirgeoir colmóra ar domhan (gach speiceas le chéile), agus 25% de na gabhálacha domhanda aicise. Ina diaidh bhí na Stáit Aontaithe (19%) agus an tAontas Eorpach (AE) (16%). Cé gur mhéadaigh táirgeacht colmóra san Airgintín sa tréimhse sin, laghdaigh sí go suntasach sa Namaib (-8%), san Afraic Theas (-11%) agus sna Stáit Aontaithe (19%). Os a choinne sin, d'fhan gabhálacha colmóra i mBallstáit an Aontais (BS) seasmhach.

Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um lascach agus Táirgí Dobharshaothraithe – Colmóir in AE

Tábla 4: Táirgeacht dhomhanda colmóra de réir tíre táirgthe (i 1.000 tona CBM) 2014-2023

	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	Difear 2014/23
An Airgintín	263	269	286	283	271	315	273	291	285	298	+13%
SAM	273	163	270	361	274	324	255	229	268	220	-19%
AE-27	181	179	182	175	184	206	178	199	194	182	0%
An Namaib	122	143	156	157	158	152	122	102	154	154	+26%
An Afraic Theas	143	139	143	132	126	133	143	152	116	112	-22%
Tíortha eile	240	228	287	326	322	299	268	265	232	205	-15%
Iomlán	1.222	1.120	1.324	1.434	1.335	1.429	1.239	1.238	1.248	1.170	-4%

Foinse: EBT

2.3 Táirgeacht AE

2.3.1 Forbairt AE-27 na ngabhálacha colmóra

In 2024, b'ionann gabhálacha colmóra in AE agus 185.366 tona. Ba í an Spáinn an táirgeoir ba mhó i bhfad, agus 81% de tháirgeacht iomlán an Aontais aici. Ina diaidh bhí an Fhrainc le 12%.

Idir 2015 agus 2024, d'fhan gabhálacha foriomlána colmóra seasmhach san Aontas, in ainneoin laghdú suntasach i mBallstáit áirithe, go háirithe an Fhrainc (-50%), an Danmhairg (-36%) agus an Iodáil (-35%). Sa tréimhse chéanna, ba ag an Spáinn an fás ba láidre, agus mhéadaigh a gabhálacha 36%.

Tábla 5: Táirgeacht colmóra in AE-27 de réir Ballstáit a tháirgthe (i dtónaí CBM) 2015-2024

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 2015/24
An Spáinn	110.647	111.417	105.243	120.895	148.415	125.304	148.636	142.966	134.391	150.991	+36%
An Fhrainc	43.723	45.435	45.259	39.782	34.692	30.427	28.763	29.629	26.295	21.743	-50%
An Iodáil	8.994	8.258	7.598	7.303	7.050	5.931	5.998	6.290	6.764	5.860	-35%
An Ghréig	3.255	3.696	3.962	4.031	4.429	4.323	3.526	4.161	4.062	2.826	-13%
An Danmhairg	3.981	4.440	4.763	4.094	3.129	3.807	3.358	3.610	2.979	2.539	-36%
Éire	2.736	3.394	3.487	3.365	3.862	3.557	3.882	3.330	3.439*	nc*	N/B
Tíortha eile	7.099	6.701	4.829	5.592	5.322	4.943	4.606	4.294	4.294	1.408*	-86%
Iomlán	180.435	183.341	175.141	185.062	206.899	178.292	198.769	194.280	182.224	185.366*	+3%

*Tabhair faoi deara: tá sonraí na hÉireann ar iarraidh do 2024, agus níl ach sonraí EBT ar fáil do 2023; dá bhrí sin, b'fhéidir gur measadh iomlán AE faoina luach don bhliain 2023; is ó Eurostat atá sonraí na dtíortha eile agus na mblianta eile

Foinse: EUROSTAT, EBT

2.3.2 Allmhairiú - Onnmhairiú

Allmhairí on taobh amuigh den Aontas

In 2024, d'allmhairigh an tAontas 182.122 tona colmóra ó thíortha nach cuid de AE iad, arbh fhiú EUR 765 milliún é san iomlán. Ba cholmóir reoite na hallmhairí den chuid is mó, arbh ionann iad agus 93% den luach allmhairithe, agus ba cholmóir úr an 7% eile.

Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um lascach agus Táirgí Dobharshaothraithe – Colmóir in AE

Ba iad an Namaib (41% den luach allmhairithe), an Afraic Theas (20%) agus an Airgintín (16%) na príomhsholáthróirí do AE in 2024. Ar thaobh an AE, ba í an Spáinn an BS ba mhó a d'allmhairigh, agus 56% den luach allmhairithe iomlán aici, agus ina diaidh bhí an Iodáil (14%) agus an Fhrainc (8%).

Idir 2015 agus 2024, laghdaigh toirteanna allmhairithe 3%, agus mhéadaigh praghsanna ainmniúla 29% (+2% i dtéarmaí réadacha)⁷. Mar gheall air sin, d'ardaigh luach na n-allmhairí 26% go hainmniúil ach laghdaigh sé 1% i dtéarmaí réadacha.

De réir na bpáirtithe leasmhara, mhéadaigh allmhairiú colmóra ón taobh amuigh de AE go láidir idir 2000 agus 2014 mar gheall nach raibh dóthain infhaighteachta ó iascaigh an Aontais. De réir mar a théarnaigh stoic colmóra na hEorpa, mhéadaigh sciar an tsoláthair de bhunús an Aontais, cé go bhfuil ról suntasach ag allmhairí ó thríú tíortha ar an margadh i gcónaí.

Tábla 6: Allmhairí colmóra ón taobh amuigh den Aontas de réir staid leasaithe (2024)

	Toirt (tonaí meáchain táirge)	Luach ainmniúil (1.000 EUR)	Praghas ainmniúil (EUR/kg)	% den luach 2024
Beo/Úr	11.872	70.014	5,90	7%
Reoite	169.763	691.957	4,08	93%
Ullmhaithe/leasaithe	488	3.153	6,47	0%
Iomlán	182.122	765.124	4,20	100%

Foinse: Mionsaothrú EUMOFA ar shonraí EUROSTAT-COMEXT

Onnmhairí amach as AE

In 2024, b'ionann onnmhairí colmóra as AE chuig tíortha neamh-AE agus 41.605 tona, ar luach EUR 88,8 milliún. Ba cholmóir reoite na honnmhairí den chuid is mó, arbh ionann iad agus 92% den luach onnmhairithe, agus b'ionann táirgí úra agus ullmhaithe/leasaithe agus 6% agus 1%, faoi seach. Idir 2015 agus 2024, d'ardaigh praghsanna colmóra reoite 2% (-20% i dtéarmaí réadacha), agus mhéadaigh praghsanna colmóra úir go suntasach, 86% (+46% i dtéarmaí réadacha).

Ba í an Úcráin príomhcheann scríbe onnmhairí colmóra ó AE in 2024, agus ghlac sí 34% den luach onnmhairithe iomlán. Ba iad an tSeirbia agus Maracó na margaí ba thábhachtaí ina dhiaidh sin, agus b'ionann iad agus 12% agus 10%, faoi seach. Ba í an Spáinn an t-onnmhaireoir ba mhó san Aontas, agus b'ionann a cuid onnmhairí agus 78% den luach onnmhairithe iomlán.

Idir 2015 agus 2024, mhéadaigh toirt na n-onnmhairí colmóra amach as AE go mór ó 12.898 go 44.017 tona, agus laghdaigh meánphraghsanna onnmhairithe 4% (-25% i dtéarmaí réadacha).

Tábla 7: Onnmhairí colmóra amach as AE de réir staid leasaithe (2024)

	Toirt (tonaí meáchain táirge)	Luach ainmniúil (1.000 EUR)	Praghas ainmniúil (EUR/kg)	% den luach 2024
Úr	888	5.531	6,26	6%
Reoite	40.456	81.953	2,04	92%
Ullmhaithe/leasaithe	261	1.318	4,90	1%
Iomlán	41.605	88.802	2,15	100%

Foinse: Mionsaothrú EUMOFA ar shonraí EUROSTAT-COMEXT

Sreafaí trádála laistigh den Aontas⁸

⁷ Bunaithe ar shonraí Eurostat le OTI choigeartaithe

⁸ Tá meastacháin ar shreafaí trádála laistigh den Aontas Eorpach bunaithe ar onnmhairí laistigh den Aontas (EUROSTAT-COMEXT)

Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um lascach agus Táirgí Dobharshaothraithe – Colmóir in AE

Is colmóir reoite is mó a thrádáiltear laistigh den Aontas, agus b'ionann é agus 74.049 tona in 2024, mar atá 70% de luach iomlán na malartuithe AE. Sa bhliain chéanna, b'ionann trádáil colmóra úir laistigh den Aontas agus 12.872 tona, arbh fhiú breis agus EUR 74 milliún í. Bhí ról ag colmóir ullmhaithe agus leasaithe freisin, agus 9.246 tona á dtrádáil laistigh den Aontas ar luach ainmniúil thart ar EUR 50,7 milliún.

Idir 2015 agus 2024, mhéadaigh toirt na trádála colmóra laistigh den Aontas beagáinín, 1%, agus d'ardaigh praghsanna 37% (+8% i dtéarmaí réadacha).

Tábla 8: Luach trádála colmóra laistigh den Aontas de réir staid leasaithe (2024)

	Toirt (tonaí meáchain táirge)	Luach ainmniúil (1.000 EUR)	Praghas ainmniúil (EUR/kg)	% den luach 2024
Úr	12.872	81.921	6,36	19%
Reoite	74.049	305.913	4,13	70%
Ullmhaithe/leasaithe	9.246	50.726	5,49	11%
Iomlán	96.167	438.560	4,56	100%

Foinse: Mionsaothrú EUMOFA ar shonraí EUROSTAT-COMEXT

Ba í an Phortaingéil príomhcheann scríbe thrádáil an cholmóra laistigh den Aontas in 2024, arbh ionann í agus 28% de luach onnmhairí laistigh den Aontas, agus ina diaidh sin an Iodáil (21%), an Spáinn (17%) agus an Fhrainc (8%). D'athraigh próifílí allmhairithe go mór ó Bhallstát go chéile: fuair an Spáinn sciar níos mó dá cuid allmhairí laistigh den Aontas mar cholmóir úr (58% den luach allmhairithe), ach bhí an Phortaingéil agus an Iodáil ag brath den chuid is mó ar cholmóir reoite, arbh ionann é agus 74% agus 91% dá luach allmhairithe, faoi seach.

Tábla 11: Luach onnmhairithe colmóra laistigh den Aontas de réir na mBallstát is ceann scríbe (luach ainmniúil in 1.000 EUR, 2024)

	Beo/Úr	Reoite	Ullmhaithe/Leasaithe	Iomlán	% de luach 2024
An Phortaingéil	10.412	90.524	21.914	122.850	28%
An Iodáil	4.886	83.232	3.444	91.562	21%
An Spáinn	42.443	18.671	12.520	73.634	17%
An Fhrainc	12.990	19.008	2.145	34.143	8%
An Ghearmáin	1.548	13.708	1.687	16.943	4%
An Ísiltír	1.980	10.919	237	13.137	3%
An Ungáir	5	10.297	147	10.449	2%
An Ghréig	2.368	2.956	4.948	10.271	2%
An Pholainn	6	9.063	36	9.105	2%
Tíortha eile	5.283	47.536	3.648	56.467	13%
Iomlán	81.921	305.913	50.726	438.560	100%

Foinse: Mionsaothrú EUMOFA ar shonraí EUROSTAT-COMEXT

2.3.3 Tomhaltas dealraitheach de réir Ballstáit

In 2024⁹, measadh gurbh é 583.784 tona CBM an soláthar iomlán colmóra in AE (táirgeacht + allmhairí). Tháinig an chuid is mó den soláthar sin ó allmhairí, arbh ionann iad agus 68% (398.418 tona CBM).

⁹ Níl aon fheirmeoireacht i gceist le táirgeacht colmóra, agus déantar talamh slán de gur mar bhia don duine an táirgeacht go léir. Dá bhrí sin, féadadh an tomhaltas dealraitheach a ríomh.

Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um lascach agus Táirgí Dobharshaothraithe – Colmóir in AE

B'ionann onnmhairí AE agus 66.913 tona CBM. Dá bharr sin, measadh gurbh é 516.871 tona CBM an tomhaltas dealraitheach ar leibhéal AE-27 (táirgeacht + allmhairí - onnmhairí). De réir na meastachán EUMOFA is déanaí do 2023, is é colmóir an 7ú speiceas is mó a itear in AE.

Ba iad an Spáinn (240.036 tona CBM), an Iodáil (82.579 tona CBM), an Fhrainc (47.965 tona CBM) agus an Phortaingéil (45.985 tona CBM) na Ballstáit ba mhó ó thaobh tomhaltais dhealraitheach de in 2024.

Tábla 9: Tomhaltas dealraitheach colmóra sna príomh-Bhallstáit (2024, i dtónaí CBM); taispeántar na trí Bhallstát ar ábhar na tuarascála seo iad i gcló trom.¹⁰

	Táirgeacht (Gabhálacha)	Allmhairíú iomlán (CBM)	Soláthar iomlán (táirgeacht + allmhairíú)	Onnmhairíú iomlán (CBM)	Tomhaltas dealraitheach (soláthar- onnmhairíú)
An Spáinn	150.991	248.599	399.590	159.553	240.036
An Iodáil	5.860	78.474	84.334	1.755	82.579
An Fhrainc	21.743	35.011	56.754	8.788	47.965
An Phortaingéil	0	59.811	59.811	13.826	45.985
An Pholainn	-	20.676	20.676	1.566	19.109
An Ísiltír	113	21.743	21.856	10.928	10.928
An Rómáin	-	10.868	10.868	102	10.766
An Ghréig	2.826	7.224	10.049	200	9.849
An Chróit	991	12.392	13.383	4.714	8.669
An Ghearmáin	62	12.956	13.018	7.559	5.460
An Ungáir	-	5.539	5.539	110	5.429
An tSeicia		7.493	7.493	3.321	4.171
An Bhulgáir	-	4.211	4.211	42	4.169
An tSlóvaic		4.078	4.078	502	3.575
Éire	nc	3.151	n/b	439	n/b
An Liotuáin	35	7.930	7.966	6.160	1.805
An Laitvia	-	3.770	3.770	2.098	1.671
An tSlóivéin	3	6.305	6.309	4.658	1.651
An Ostair		1.585	1.585	72	1.512
An Bheilg	119	4.209	4.328	3.027	1.300
An tSualainn	59	1.581	1.640	497	1.143
An Eastóin	-	1.073	1.073	20	1.052
An Chipir	3	290	292	28	264
Lucsamburg		239	239	8	231
An Fhionlainn	-	132	132	-	132
Málta	23	72	95	0	95
An Danmhairg	2.539	2.421	4.960	6.138	n/b
AE	185.366	398.418	583.784	66.913	516.871

Tabhair faoi deara: ní fios gabhálacha na hÉireann don bhliain 2024

Foinse: Meastachán EUMOFA bunaithe ar EUROSTAT

¹⁰ Níl aon fheirmeoireacht i gceist le táirgeacht colmóra, agus déantar talamh slán de gur mar bhia don duine an táirgeacht go léir. Dá bhrí sin, féadadh an tomhaltas dealraitheach a ríomh.

3 MARGADH NA SPÁINNE

3.1 Struchtúr an tslabhra soláthair

3.1.1 Táirgeacht


Sa bhliain 2024, b'ionann gabhálacha colmóra agus 150.991 tona CBM san iomlán; ba cholmóir na hAirgintíne 75% díobh (113.378 tona CBM) agus ba cholmóir Eorpach 16% díobh (24.645 tona CBM). Idir 2014 agus 2024, luainigh méideanna gabhálacha idir 105.242 tona CBM ar a laghad in 2017 agus 150.991 tona CBM ar a mhéad in 2024. Ar an iomlán, mhéadaigh gabhálacha colmóra 36% i rith na tréimhse.

Tábla 10: Gabhálacha colmóra na Spáinne idir 2015 agus 2024 (i dtonaí CBM)

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 2015/24
Gabhálacha	110.633	111.386	105.242	120.894	148.413	125.304	148.636	142.966	134.391	150.991	+36%

Foinse: EUROSTAT

Fíor 2 – Gabhálacha colmóra na Spáinne de réir speicis (i dtonaí CBM, 2015-2024)



Foinse: EBT

De réir eagraíocht táirgeoirí, is iad cabhlaigh agus margaí éisc feadh Mhuir Chantabrach a sholáthraíonn an chuid is mó den cholmóir úr sa Spáinn. Tagann an chuid is mó de ghabhálacha na Spáinne ó chabhlaigh dhomhainfharraige a bhíonn ag feidhmiú in uiscí na hEorpa, agus tagann cuid níos lú ó chabhlaigh chósta. I gcomparáid leis sin, tagann toirt gabhála i bhfad níos lú ón Meánmhuir agus ó Mhurascaill Cádiz.

Formheasadh an Rialachán Eorpach i mí Mheán Fómhair 2022¹¹ lenar fhorógraíodh go ndúnfaí roinnt meánna a úsáideann an cabhlach spiléir – d'fhéadfadh sé go raibh tionchar aige sin ar ghabhálacha agus, dá bhrí sin, ar phraghsanna chomh maith.

¹¹ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32022R0110>

3.1.2 Allmhairí - Onnmhairí

Allmhairí

D'allmhairigh an Spáinn 124.312 tona colmóra, ar luach EUR 545,8 milliún in 2024. Ba é colmóir reoite an chatagóir táirge ba mhó, arb ionann é agus EUR 389 milliún (79% den luach allmhairithe iomlán), agus colmóir úr (20%) ina dhiaidh sin. Níor cholmóir ullmhaithe nó leasaithe ach 1% den luach allmhairithe. Idir 2015 agus 2024, laghdaigh allmhairí colmóra na Spáinne 6%, cé gur bhain siad buaic amach in 2018 ag 138.837 tona. Sa tréimhse chéanna, d'ardaigh luach ainmniúil na n-allmhairí 25%, agus mhéadaigh an meánphraghas ainmniúil 35%, ó 3,30 EUR/kg go 4,39 EUR/kg in 2024.

Ba í an Namaib an príomhsholáthróir colmóra chun na Spáinne in 2024, agus d'ardaigh toirt na n-allmhairí ón tír sin 6% idir 2015 agus 2024. Mhéadaigh allmhairí ón Afraic Theas, ón Airgintín agus ó na Stáit Aontaithe freisin le deich mbliana anuas, le méadú 12%, 28% agus 64% faoi seach. Os a choinne sin, laghdaigh allmhairí ón bhFrainc faoina leath, beagnach, sa tréimhse chéanna. Maidir le colmóir reoite, ba iad an Namaib (40% de thoirt allmhairithe reoite) agus an Airgintín (20%) na príomhsholáthróirí. Ba as an bhFrainc (52% de thoirt na n-allmhairí úra), ón tSile (14%) agus ón Namaib (9%) a tháinig allmhairí colmóirí úra den chuid is mó.

Tábla 11: Allmhairí colmóra úir, reoite, ullmhaithe agus leasaithe na Spáinne (2024)

	Toirt (tonaí meáchain táirge)	Luach ainmniúil (1.000 EUR)	Praghas ainmniúil (EUR/kg)	% den luach 2024
Beo/úr	24.700	142.271	5,76	20%
Reoite	97.952	389.215	3,97	79%
Ullmhaithe/Leasaithe	1.660	14.367	8,65	1%
Iomlán	124.312	545.852	4,39	100%

Foinse: Mionsaothrú EUMOFA ar shonraí EUROSTAT-COMEXT

Tábla 12: Forbairt thoirt allmhairithe (i dtonaí meáchain táirge), luach (ainmniúil, in 1.000 EUR) agus praghas (ainmniúil, in EUR/kg) colmóra na Spáinne

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 2015/24
Toirt	132.526	138.680	137.323	138.837	135.025	128.659	129.949	119.748	124.528	124.312	-6%
Luach	436.850	464.998	472.996	494.795	491.533	458.003	464.682	484.526	534.949	545.852	+25%
Praghas	3,30	3,35	3,44	3,56	3,64	3,56	3,58	4,05	4,30	4,39	+33%

Foinse: Mionsaothrú EUMOFA ar shonraí EUROSTAT-COMEXT

Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um lascach agus Táirgí Dobharshaothraithe – Colmóir in AE

Tábla 13: Forbairt allmhairí colmóra na Spáinne de réir soláthróra (i dtonaí meáchain táirge, 2015-2024)

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 2015/24
An Namaib	38.830	39.447	40.531	45.543	44.706	42.176	43.133	40.086	44.847	41.139	+6%
An Airgintín	15.086	17.769	16.037	12.567	13.792	14.836	15.378	13.269	17.163	19.384	+28%
An Afraic Theas	13.451	14.170	13.238	16.129	15.322	19.525	17.860	15.719	14.508	15.062	+12%
An Fhrainc	27.118	26.936	27.175	24.253	20.801	19.585	19.596	19.076	16.348	14.449	-47%
An tSile	8.565	10.029	8.621	10.939	9.471	8.919	9.251	10.005	9.007	9.757	+14%
SAM	4.567	5.140	4.585	5.459	5.824	4.947	5.571	4.541	5.454	7.484	+64%
Oileáin Fháclainne	3.043	2.750	2.682	2.895	4.972	2.342	1.319	2.765	3.578	4.169	+37%
An Phortaingéil	2.492	2.291	2.208	2.422	2.866	2.558	3.551	2.689	3.290	2.618	+5%
An Danmhairg	2.512	2.194	2.022	2.054	1.853	2.791	3.018	2.250	2.409	1.864	-26%
Tíortha eile	16.863	17.953	20.224	16.577	15.417	10.981	11.272	9.347	7.924	8.386	-50%
Iomlán	132.526	138.680	137.323	138.837	135.025	128.659	129.949	119.748	124.528	124.312	-6%

Foinse: Mionsaothrú EUMOFA ar shonraí EUROSTAT-COMEXT

Onnmhairí

In 2024, d'onnmhairigh an Spáinn 96.477 tona colmóra, ar luach beagnach EUR 328 milliún. Ba cholmóir reoite na honnmhairí den chuid is mó, arbh ionann iad agus 82% den luach onnmhairithe iomlán (EUR 269 milliún), agus colmóir ullmhaithe agus leasaithe (10%, EUR 32 milliún) agus colmóir úr (8%, EUR 27 milliún) ina dhiaidh sin. D'athraigh meánphraghas na n-onnmhairí go suntasach de réir fhoirm an táirge: bhí colmóir úr ar 6,83 EUR/kg, i gcomparáid le 3,15 EUR/kg ar cholmóir reoite agus 4,43 EUR/kg ar tháirgí ullmhaithe nó leasaithe.

Idir 2015 agus 2024, mhéadaigh onnmhairí colmóra na Spáinne 75% de réir toirte. Baineann an méadú sin le colmóir reoite agus colmóir ullmhaithe/leasaithe. Tharla sin, den chuid is mó, mar gheall ar éileamh níos airde (go háirithe maidir le colmóir ullmhaithe/leasaithe), méadú ar tháirgeacht agus laghdú ar thomhaltas náisiúnta. Sa tréimhse chéanna, mhéadaigh an luach ainmniúil faoi dhó, agus d'ardaigh an meánphraghas 15%, ó 2,96 EUR/kg go 3,40 EUR/kg.

Ba í an Phortaingéil príomhcheann scríbe onnmhairí colmóra na Spáinne in 2024, arb ionann í agus 29% den mhéid iomlán a onnmhairíodh. I measc na gceann scríbe móra eile bhí an Iodáil (16%) agus an Úcráin (15%). Ó 2015 go 2024, tháinig méadú 31% agus 25% faoi seach ar onnmhairí chuig an bPortaingéil agus chuig an Iodáil, agus tháinig ardú as cuimse ar onnmhairí chuig an Úcráin agus chuig Maracó - ardú ceithre huaire déag agus ceithre huaire is daichead.

Díríodh onnmhairí colmóra úir, den chuid is mó, chuig an bPortaingéil (38% de thoirt onnmhairithe úra) agus chuig an bhFrainc (36%). Onnmhairíodh colmóir reoite, den chuid is mó, chuig an bPortaingéil (25% de thoirt onnmhairithe reoite), chuig an Iodáil (17%) agus chuig an Úcráin (17%).

Tábla 14: Onnmhairí colmóra úir, reoite, ullmhaithe agus leasaithe na Spáinne (2024)

	Toirt (tonaí meáchain táirge)	Luach ainmniúil (1.000 EUR)	Praghas ainmniúil (EUR/kg)	% den luach 2024
Beo/Úr	3.956	27.013	6,83	8%
Reoite	85.319	268.820	3,15	82%
Ullmhaithe/leasaithe	7.203	31.911	4,43	10%
Iomlán	96.477	327.744	3,40	100%

Foinse: Mionsaothrú EUMOFA ar shonraí EUROSTAT-COMEXT

Tábla 15: Forbairt thoirt onnmhairithe (i dtonaí meáchain táirge), luach (ainmniúil, in 1.000 EUR) agus praghas (ainmniúil, in EUR/kg) colmóra na Spáinne (2015-2024)

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 2015/24
Toirt	55.245	64.494	71.012	73.026	84.482	69.496	94.506	86.427	85.508	96.477	+75%
Luach	163.754	184.041	198.565	199.520	215.696	194.605	250.454	272.342	281.138	327.744	+100%
Praghas	2,96	2,85	2,80	2,73	2,55	2,80	2,65	3,15	3,29	3,40	+15%

Foinse: Mionsaothrú EUMOFA ar shonraí EUROSTAT-COMEXT

Tábla 16: Forbairt onnmhairí colmóra na Spáinne de réir ceann scríbe (i dtonaí meáchain táirge, 2015-2024)

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 2015/24
An Phortaingéil	21.118	23.659	24.460	24.026	22.222	20.119	21.491	22.049	23.989	27.600	+31%
An Iodáil	12.618	14.810	14.132	13.022	11.663	12.450	14.020	14.006	13.762	15.782	+25%
An Úcráin	1.017	3.235	4.712	7.582	14.918	10.947	18.710	9.664	9.337	14.435	+1320%
Maracó	127	240	1188	2.418	2.005	1.054	2.204	4.610	5.532	5.599	+4298%
An tSeirbia	3.459	2.566	3.411	4.435	4.138	3.154	5.638	5.162	5.024	4.117	+19%
An Fhrainc	2518	0	0	0	0	2.686	3.542	4.271	4.150	3.646	+45%
Tíortha eile	14.389	17.455	20.160	18.579	26.271	19.085	28.902	26.665	23.714	25.298	+76%
Iomlán	55.245	64.494	71.012	73.026	84.482	69.496	94.506	86.427	85.508	96.477	+75%

Foinse: Mionsaothrú EUMOFA ar shonraí EUROSTAT-COMEXT

3.1.3 Tomhaltas dealraitheach

In 2024, b'ionann soláthar iomlán colmóra sa Spáinn agus 399.590 tona CBM, dár tháinig 62% ó allmhairí agus 38% ó ghabhálacha. Tomhlaíodh níos mó ná a leath den soláthar sin (60%) ar an margadh intíre, rud a thug tomhaltas dealraitheach 240.036 tona CBM, agus onnmhairíodh an 40% eile (159.553 tona CBM). Mhéadaigh tomhaltas dealraitheach colmóra 14% ó 2023 go 2024.


Tábla 17: Tomhaltas dealraitheach colmóra sa Spáinn (i dtonaí CBM, 2024)

	Toirt	Difear 2023/24
Táirgeacht	150.991	+12%
Allmhairiú	248.599	+21%
Soláthar	399.590	+17%
Onnmhairiú	159.553	+24%
Tomhaltas dealraitheach	240.036	+14%

Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um Iascach agus Táirgí Dobharshaothraithe – Colmóir in AE

Foinse: Meastacháin EUMOFA bunaithe ar shonraí EUROSTAT

Fíor 3: Comhardú soláthair colmóra na Spáinne (i dtónaí CBM, 2024)



Foinse: Meastacháin EUMOFA bunaithe ar EUROSTAT-COMEXT

3.2 Saintréithe de mhargadh agus thomhaltas na Spáinne

3.2.1 Saintréithe den mhargadh


Tá an anailís ar shlabhra soláthair na Spáinne dírithe ar dhá phríomhchatagóir mhéide: *pescadilla* (1,5 kg) agus *merluza* (2,5 go 5 kg). Cuimsíonn an anailís ar an margadh colmóra ar fad, an dá chatagóir san áireamh, ach níl na measúnuithe ar phraghas agus costas dírithe ach ar *merluza*.

Mar an gcéanna agus táirgí eile éisc úir, tá slabhra soláthair an cholmóra sa Spáinn an-ghearr. Is féidir go mbeadh éisc a cuireadh i dtír ar maidin ar sheilfeanna miondíola an lá céanna. Is trí *lonjas* (ceantanna) dhíoltar an chuid is mó den iasc a chuirtear i dtír sa Spáinn.

In 2023, láimhseáil na 17 *mercas* (margaí mórdhíola) 271.926 tona éisc úir, darbh cholmóir 30% (80.821 tona).

Léiríonn an fíor seo a leanas léargas simplithe ar an slabhra soláthair foriomlán. Tá an fíor dírithe ar *mercas* a ghlacann thart ar leath de na gabhálacha agus na hallmhairí. I ndáiríre, tá an slabhra i bhfad níos casta agus athraíonn sé de réir an ionaid díolacháin (HORECA, ceannaí éisc, miondíoltóirí móra, srl.) agus de réir réigiúin, óir is dóichí go gceannódh miondíoltóirí cois farraige go díreach ó mhargaí ceantála.

Fíor 4: Margadh colmóra úir de réir bealaigh díolacháin sa Spáinn agus an bhéim ar mercas (tonaí meáchain táirge, 2024)



Foinse: EUMOFA, bunaithe ar COMEXT, MERCASA (sonraí 2023, an bhliain dheireanach a bhí ar fáil), MAPA (sonraí tomhaltais) agus agallaimh

Tá an deighilt is mó i margadh colmóra na Spáinne bunaithe ar mhéid an éisc (*merluza* nó *pescadilla*) agus athraíonn claonadh an tomhaltóra de réir réigiúin agus traidisiúin áitiúil. Ina theannta sin, déanann roinnt eagraíochtaí táirgeoirí idirdhealú, ní hamháin de réir méide ach de réir bunúis freisin: tugann siad *pescadilla* ar cholmóir a ghabhtar in uiscí cósta na Spáinne le tráláir agus le trealamh beag éagsúil (m.sh. flaidireacht, spiléir, srl.) agus tugann siad *merluza* ar cholmóir a ghabhann cabhlaigh dhomhainfharraige in uiscí na hEorpa.

De réir na meánphraghsanna ó fhaireachlann praghsanna na Spáinne in 2024, díoltar *merluza* ar phraghsanna thart ar 7% níos airde ná *pescadilla* ar an gcéad díolachán¹² (6,35 EUR/kg in aghaidh 5,93 EUR/kg), agus thart ar 38% níos airde ag céim an mhórdhíola (11,26 EUR/kg in aghaidh 8,16 EUR/kg).

Athraíonn praghsanna go suntasach freisin de réir réigiúin agus modha iascaireachta. Taispeánann sonraí ó mhórmhargáí mórdhíola sa tríú seachtain de Mheán Fómhair 2024 praghsanna idir 6,20 EUR/kg in Barcelona ar *pescadilla* faoi bhun 0,5 kg agus 27,00 EUR/kg i Maidrid ar *merluza* a gabhadh le slat.

¹² Freagraíonn sé sin do 'Precios origen' i bhfaireachlann praghsanna MAGRAMA, rud a chiallaíonn praghas an chéad mhórdhíoltóra ('mayorista en origen').

Tábla 18 – Samplaí de dhifríochtaí praghais de réir réigiúin agus deighleoige táirge (luach ainmniúil, praghsanna ar an 27 Meán Fómhair 2024)

MERCABARNA (EUR/kg)	
Merluza trálaer (+1kg)	7,90
Merluza spiléar allmhairithe (+1kg)	10,50
Merluza spiléar náisiúnta	9,90
Pescadilla (-500gr)	6,20
Pescadilla (500-1000 gr)	6,80
MERCAMADRID (EUR/kg)	
Merluza gafa le slat (2,5-5 kg)	21,00
Merluza gafa le slat (+5kg)	27,00
Merluza gran sol (2,5-5kg)	12,00
Merluza gran sol (+5kg)	12,50
Merluza ón tSile	7,50
Pescadilla mín gran sol (-0,2kg)	7,00
Pescadilla gran sol (+1kg)	10,50
Pescadilla gafa le slat (+1kg)	10,50
Pescadilla (0,2/0,3 kg)	9,50
MERCABILBAO (EUR/kg)	
Merluza trálaer (+2,4kg)	10,80
Merluza gafa le slat (+2,4kg)	16,90
Merluza gafa le slat (1,5-2,4kg)	13,50
Merluza trálaer (1,5-2,4kg)	8,80
Pescadilla (0,2-1kg)	12,00

Foinse: Mercas

Ag Mercabarna, margadh mórdhíola Barcelona, tá staitisticí bliantúla mionsonraithe ar fáil, agus colmóir úr deighilte i gcúig chatagóir. In 2024, bhí na praghsanna idir 6,20 EUR/kg agus 10,50 EUR/kg.

Taispeánann comparáid idir sonraí 2015 agus 2024 méaduithe ar phraghsanna sna gcatagóirí go léir, idir +33% maidir le *merluza* spiléir a ghabhtar sa tír agus +57% maidir le *merluza* os cionn 1 kg a ghabhtar le trál.

Tábla 19 – Sampla de dheighilt an mhargaidh in Mercabarna (tonaí meáchain táirge agus praghas ainmniúil, 2015 agus 2024)

	Mercabarna 2015			Mercabarna 2024		
	tonaí	%	Meánphraghas (EUR/kg)	tonaí	%	Meánphraghas (EUR/kg)
Merluza (>1 kg) - trálaer	2.125	24%	3,92	1.072	27%	7,90
Merluza - spiléar allmhairithe	850	10%	6,91	494	12%	10,50
Merluza - spiléar náisiúnta	4.172	48%	5,66	1.579	39%	9,90
Pescadilla 500 g	913	11%	3,81	554	14%	6,20
Pescadilla 500 g-1 kg	586	7%	4,51	302	8%	6,80
Iomlan colmóra	8.648	100%	5,08	4.001	100%	7,11

Foinse: Mercabarna

I ndeireadh na dála, bíonn tionchar ag raon leathan tosca ar dhearcadh an tomhaltóra ar an nasc idir praghas agus cáilíochta, ina measc sin méid an éisc, traidisiúin chultúrtha, teicnící iascaireachta, úire agus bunús (speicis áitiúla in aghaidh speicis neamháitiúla). De réir na bpáirtithe leasmhara a cuireadh

Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um lascach agus Táirgí Dobharshaothraithe – Colmóir in AE

faoi agallamh, tá brandaí ardchaighdeáin ag éirí níos tábhachtaí freisin, cé go bhfuil an praghas fós an-tábhachtach d'fhormhór na dtomhaltóirí.

3.2.2 Tomhaltas

Itear colmóir úr go forleathan sa Spáinn, le ráta ard dul i bhfód ar theaghlaigh de 48,5%¹³ in 2024. Léiríonn sonraí náisiúnta faoi thomhaltas sa bhaile laghdú mór ar thomhaltas colmóra úir idir 2015 agus 2024 (-61% de réir toirte), ach mhéadaigh praghanna miondíola 51% sa tréimhse chéanna. Ba iad an laghdú forleathan ar thomhailt sa bhaile tar éis ghéarchéim COVID-19 (-16% i gcás táirgí bia ar an iomlán) agus an laghdú ginearálta ar ithe éisc (-27% i gcás na dtáirgí iascaigh go léir¹⁴), a dtéann brú eacnamaíoch i bhfeidhm air mar gheall a praghanna nís airde, ba chúis leis an íslíú seo, go pointe áirithe. Mar sin féin, cúitíodh cuid den laghdú sin de bharr méadú tomhaltais san earnáil HORECA.

De réir eagraíocht táirgeoirí, is féidir go mbíonn tomhaltóirí ag úsáid speicis eile éisc (amhail bradán nó roghanna eile ag brath ar an séasúr) nó foinsí próitéine nach iasc iad in ionad colmóra úir, rud a chuirfeadh leis an laghdú ar thomhaltas éisc.

Bíodh sin mar atá, is é an colmóir fós an t-iasc úr is mó a itear i dteaghlaigh sa Spáinn - itheadh 42.186 tona de in 2024, is é sin 12% de thoirt iomlán an éisc úir a itheadh.

Tábla 20 – Tomhaltas éisc úir sa Spáinn (tonaí meáchain táirge, 2024)

2024	Toirt (t)	Difear ó 2023	% d'iomlán toirte éisc úir	Luach (1.000 EUR)	Difear ó 2023	% d'iomlán luacha éisc úir
Colmóir	42.186	-15,87%	12%	456.745	-12,50%	13%
Bradán	54.411	9,15%	16%	771.463	13,88%	22%
Trosc	33.480	-11,73%	10%	270.588	-12,99%	8%
Garbhánach	24.945	-23,21%	7%	252.268	-13,80%	7%
Ainseabhaithe	30.789	15,64%	9%	200.914	11,59%	6%
Doingean mara	28.769	24,19%	8%	312.473	26,33%	9%
Tuinnín	17.987	-8,51%	5%	229.652	-1,57%	6%
Sairdín	15.712	-9,00%	5%	89.140	-7,16%	3%
Anglait	12.275	-2,16%	4%	165.261	2,87%	5%
Ronnach	8.778	-23,27%	3%	49.861	-23,77%	1%
Breac	7.882	-0,72%	2%	77.027	6,00%	2%
Éisc eile	65.685	-17,50%	19%	689.261	-14,49%	19%
Iomlán éisc úir	342.898	-6,99%	100%	3.564.653	-2,73%	100%

Foinse: MAPA (informe consume alimentario 2023 agus 2024)

In 2024, cheannaigh teaghlaigh sa Spáinn 16% níos lú colmóra úir i gcomparáid le 2023. Mar gheall ar an laghdú sin ar éileamh, laghdaigh láimhdeachas 12,5%, in ainneoin méadú beag 4,03% ar phraghsanna sa tréimhse chéanna. Bhí meánphraghas miondíola colmóra úir ag teaghlaigh sa Spáinn ar 10,83 EUR/kg in 2024, beagán níos mó ná meánphraghas miondíola éisc sa Spáinn (10,40 EUR/kg).

¹³ Os a choinne sin, tá ráta dul i bhfód 49,69% ag an speiceas is mó a itheann teaghlaigh sa Spáinn, mar atá, colmóir.

¹⁴ Sonraí tomhaltais MAPA, sraith bhliantúil. Difear idir 2020 agus 2024.


Tábla 21: Tomhaltas teaghlaigh colmóra úir (2024)

	Tomhaltas teaghlaigh colmóra úir in 2024	Difear 2023/24
Toirt (tonaí meáchain táirge)	42.186	-15,87%
Luach (1.000 EUR)	456.745	-12,50%
Tomhaltas in aghaidh an duine (kg)	0,90	-15,89%
Costas in aghaidh an duine (EUR)	9,74	-12,72%
% den mhargadh bia de réir toirte	0,16	-15,79%
% den mhargadh bia de réir luacha	0,55	-14,06%
Meánphraghas miondíola (EUR/kg)	10,83	4,03%

Foinse: MAPA (informe consume alimentario 2023 agus 2024)

Ceannaítear colmóir úir in ollmhargaí den chuid is mó, é iomlán de ghnáth agus ullmhaítear é ag an gcuntar éisc de réir éileamh an tomhaltóra (iomlán, gan inní nó filléadaithe).

Fíor 5: Miondealú ar thomhaltas colmóra úir sa bhaile de réir bealaigh díolacháin (toirteanna i sciar de mheáchan táirge, 2024)



Foinse: MAPA, sonraí tomhaltais bliantúla¹⁵.

3.3 Tarchur praghais sa slabhra soláthair

3.3.1 Pragsanna céad díolacháin

Taispeánann an graf seo a leanas forás na bpragsanna céad díolacháin ó 2015 go 2024. Sa tréimhse sin, mhéadaigh pragsanna 40% ar *merluza* agus 70% ar *pescadilla*, agus mhéadaigh an dá tháirge go suntasach ó 2020 i leith. D’fhan an bhearna praghais idir *merluza* agus *pescadilla* réasúnta seasmhach ó 2018 ar aghaidh (thart ar 15-20%) ach laghdaigh sé ó 2023 (go thart ar 7-8%).


¹⁵ <https://www.mapa.gob.es/es/alimentacion/temas/consumo-tendencias/panel-de-consumo-alimentario/series-anuales>

D’fhéadfadh neamhréireacht a bheith sna sonraí ó MAPA maidir leis an mbealach “siopaí traidisiúnta” a d’áirigh 1.583 (1.000 EUR) in 2023 agus 182.145 (1.000 EUR) in 2024. Míníonn sin an fáth arbh ionann an chatagóir “Eile” agus 4% den toirt in 2024 agus 29% den luach (in aghaidh 3% den toirt in 2023 agus 3% den luach in 2023).

Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um lascach agus Táirgí Dobharshaothraithe – Colmóir in AE

D'ardaigh praghsanna allmhairithe colmóra úir idir 2014 agus 2018 (+30%) agus níos mó idir 2018 agus 2023 (+45%), agus bhain siad 6,48 EUR/kg amach in 2023, sular laghdaigh siad 11% go 5,76 EUR/kg in 2024. Ó 2019 i leith, tá praghas níos airde ar cholmóir úr allmhairithe ná colmóir úr a gabhadh sa tír. D'fhan praghsanna allmhairithe colmóra reoite beagnach seasmhach idir 2015 agus 2021, agus ansin mhéadaigh siad 20% idir 2021 agus 2024.

Fíor 6 - Praghas céad díolacháin colmóra sa Spáinn (praghas ainmniúil in EUR/kg)



Foinse: MAPA - COMEXT

Ar an iomlán, bhain praghas ainmniúil céad díolacháin colmóra úir an leibhéal is airde amach in 2024, mar atá 6,35 EUR/kg ar *merluza* agus 5,93 EUR/kg ar *pescadilla*, de réir shonraí MAPA agus EBT. Mhéadaigh méideanna gabhálacha 16% idir 2015 agus 2024, rud a léiríonn gur fhás praghsanna céad díolacháin ar ráta níos tapúla ná toirteanna sa tréimhse sin.

Tábla 22: Praghas céad díolacháin agus toirt gabhálacha colmóra úir sa Spáinn (praghas ainmniúil in EUR/kg)

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 2015/24
Praghas colmóra úir ó 2,5 go 5 kg - <i>Merluza</i> (EUR/kg)	4,55	4,78	5,16	4,77	4,80	4,76	5,22	5,54	5,62	6,35	40%
Praghas colmóra úir 1,5 kg - <i>Pescadilla</i> (EUR/kg)	3,49	3,61	3,52	4,22	4,06	4,04	4,45	4,77	5,16	5,93	70%
Toirt gabhálacha (t)	115.363	110.633	111.386	105.242	120.894	148.413	125.304	148.636	142.966	134.391	16%

Foinse: MAPA - EBT

Is iad na rudaí seo is mó a théann i bhfeidhm ar phraghsanna céad díolacháin colmóra úir:

- an chothromaíocht idir soláthar agus éileamh colmóra agus speicis iomaitheora eile,
- méid éisc,
- úire agus dálaí láimhsithe ar bord,
- agus, i gcásanna áirithe, tosca breise amhail teicníc iascaireachta nó brandaí ardchaighdeán

Is ionann an praghas céad díolacháin agus an méid a íocann mórdhíoltóirí nó miondhíoltóirí a cheannaíonn go díreach ón soitheach nó ón margadh ceantála (*lonja*). Díoltar colmóir úr iomlán (agus gan inní) den chuid is mó, cé go bhfuil an t-éileamh ar luain, filléid nó eireabaill ag dul i méid.

3.3.2 Pragsanna allmhairithe agus onnmhairithe

Laghdaigh allmhairiú colmóra úir 51% de réir toirte idir 2015 agus 2024, agus laghdaigh onnmhairiú 38% sa tréimhse chéanna. Mhéadaigh pragsanna allmhairithe 65% (+30% i dtéarmaí réadacha). In 2024, ba iad an Fhrainc agus an tSile na príomhsholáthróirí, agus b'ionann iad agus 66% de na toirteanna allmhairithe colmóra úir.

Mhéadaigh pragsanna onnmhairithe 58% idir 2019 agus 2024 (+25% i dtéarmaí réadacha). Ba iad an Fhrainc agus an Phortaingéil fós príomhchinn scríbe cholmóir úr na Spáinne, agus b'ionann iad le chéile agus 74% de thoirteanna onnmhairithe in 2024.

Tábla 23: Pragas allmhairithe agus onnmhairithe (pragas ainmniúil) agus toirt colmóra úir sa Spáinn

		2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 2015/24
Pragas (EUR/kg)	Allmhairiú	3,49	3,61	3,71	4,11	4,39	4,03	4,40	4,83	5,08	5,76	+65%
	Onnmhairiú	4,32	4,50	4,61	4,38	4,58	4,54	4,87	5,11	5,62	6,83	+58%
Toirt (tonaí)	Allmhairiú	49.905	50.167	47.928	39.790	35.574	30.128	30.779	29.943	27.969	24.700	-51%
	Onnmhairiú	6.351	6.669	7.682	6.353	6.896	5.380	6.161	5.230	4.387	3.956	-38%

Foinse: EUROSTAT-COMEXT

3.3.3 Pragsanna mórdhíola

Mhéadaigh pragsanna margaidh mórdhíola *merluza* agus *pescadilla* níos mó ná pragsanna céad díolacháin, agus iad ag ardú 90% agus 77% faoi seach idir 2015 agus 2024. In 2024, bhí pragas mórdhíola colmóra úir 11,26 EUR/kg ar *merluza* agus 8,16 EUR/kg ar *pescadilla*.

Tábla 24: Pragas mórdhíola colmóra úir sa Spáinn de réir an mhargaidh mórdhíola agus an chineáil táirgthe (pragas ainmniúil in EUR/kg)

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 2015/24
Colmóir úr ó 2,5 go 5 kg - <i>Merluza</i> (EUR/kg)	5,92	5,81	6,03	6,41	7,13	7,09	7,8	8,49	9,64	11,26	+90%
Colmóir úr 1,5 kg - <i>Pescadilla</i> (EUR/kg)	4,61	4,99	5,04	5,13	6,30	5,91	6,06	6,64	7,15	8,16	+77%

Foinse: MAPA / MERCASA

3.3.4 Pragsanna miondíola

Bunaithe ar shonraí ó phainéal tomhaltais bia na hAireachta Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (MAPA), agus sonraí ó EUMOFA, bhí an meánphraghas ar cholmóir úr (gach catagóir méide) idir 7,18 EUR/kg agus 10,83 EUR/kg idir 2015 agus 2024. Bhí treocht pragsanna miondíola cosúil le pragsanna céad díolacháin agus pragsanna mórdhíola, agus iad ag méadú 51% sa tréimhse sin.

Tábla 25 – Pragas miondíola colmóra úir sa Spáinn (pragas ainmniúil in EUR/kg)

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 2015/24
MAPA meánphraghas do theaghlaigh (EUR/kg)	7,18	7,26	7,54	7,77	7,90	8,45	9,25	9,71	10,41	10,83	+51%
EUMOFA pragas tomhaltais (EUR/kg)	7,18	7,26	7,54	7,77	7,90	8,46	9,25	9,71	10,43	10,83	+51%

Foinse: MAPA (Panel del consumo alimentario), EUMOFA

Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um Iascach agus Táirgí Dobharshaothraithe – Colmóir in AE

Mar sin féin, de réir taighde ar líne agus agallaimh le páirtithe leasmhara, is cosúil go bhfuil na praghsanna a luann EUMOFA agus MAPA i bhfad níos lú ná dálaí iarbhír an mhargaidh. Is dócha go bhfuil an neamhréiteach sin ann mar gheall gur meascadh na catagóirí *merluza* agus *pescadilla*, agus is féidir gur cuireadh táirgí iomlána/gan cheann agus táirgí filléadaithe le chéile sna meáin a tuairiscíodh freisin.

Léiríonn praghsanna miondíola ar líne do mhí na Samhna 2024 go bhfuil praghsanna miondíola níos airde go suntasach: 18,21 EUR/kg ar chholmóir úr iomlán agus 19,25 EUR/kg ar chholmóir úr gan cheann.

Tábla 26: Praghsanna miondíola colmóra úir ar líne sa Spáinn (praghas ainmniúil, meastacháin praghais an 14 Samhain 2024)

	EUR / kg
Colmóir úr (iomlán) - Carrefour	14,95
Colmóir úr (gan cheann) ó Thír na mBascach - Eroski	21,50
Colmóir úr (gan cheann) ó Cantabria - Eroski	17,00
Colmóir úr (iomlán) ó Cantabria, ar dhuáin - BM Supermercados	19,95
Colmóir úr (iomlán) - El Corte inglés	19,95
Colmóir úr (iomlán) - Supermercados Mas	17,98
Meánphraghas ar chholmóir úr - Iomlán	18,21
Meánphraghas ar chholmóir úr - Gan cheann	19,25

Foinse: Láithreáin ghréasáin ollmhargaí na Spáinne


3.3.5 Anailís ar shraitheanna praghsanna

Léiríonn an fíor seo a leanas, ar an aon ghraf, na praghsanna mórdhíola céad díolacháin agus miondíola a thugtar i gCaibidil 3.3. Ba cheart a choinneáil i gcuimhne go dtagraíonn praghsanna miondíola *merluza* d'iasc gan cheann, ach go dtagraíonn praghsanna céad díolacháin agus praghsanna mórdhíola d'iasc iomlán gan inní.

De réir duine de na páirtithe leasmhara a cuireadh faoi agallamh, d'ardaigh costais táirgthe go mór ar fud an tslabhra luacha ar fad le blianta beaga anuas. Mhéadaigh costais idir ag an gcéim chéad díolacháin (leibhéal an tsoithigh) agus feadh an tslabhra soláthair, go háirithe i lóistíocht (iompar), chomh maith le saothair agus ionchuir eile – treochtaí a chuaigh i dtreise ó chuir an Rúis cogadh ar an Úcráin. Idir 2015 agus 2024, mhéadaigh praghsanna céad díolacháin 40% ar *merluza* agus 70% ar *pescadilla*; d'ardaigh praghsanna mórdhíola 90% agus 77%, faoi seach, agus mhéadaigh praghsanna miondíola 51%.

Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um lascach agus Táirgí Dobharshaothraithe – Colmóir in AE

Fíor 7 - Anailís ar shraitheanna praghsanna ar chholmóir úr sa Spáinn (praghas ainmniúil in EUR/kg)



Foinse: MAPA / EUMOFA

3.3.6 Tarchur praghsanna

Clúdaíonn an anailís seo a leanas ar tharchur praghsanna colmóra úir de bhunadh na Spáinne a dhíoltar in ollmhargaí. Taispeánann an tábla agus an chairt na príomh-mheánchostais agus na corrlaigh feadh an tslabhra luacha ar *merluza* Eorpach úr gan cheann a dháiltear trí mhiondíoltóirí móra. Tá an anailís bunaithe ar shonraí MAPA, agallaimh le páirtithe leasmhara a rinneadh in 2024 (4), agus ar phraghsanna miondíola ar líne a bailíodh in 2024.

Meastar gurb é 6,74 EUR/kg an glanchorrach ar an leibhéal miondíola, is é sin 35% den phraghas miondíola (gan CBL san áireamh). Meastar gurb é 0,75 EUR/kg an glanchorrach do na chéad mhórdhioltóirí, a chomhfhreagraíonn do 9% den phraghas mórdhioltóra (*mayorista en origen*).

Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um lascach agus Táirgí Dobharshaothraithe – Colmóir in AE


Tábla 27: Costais agus corrlaigh sa slabhra soláthair colmóra úir sa Spáinn (2024)

2024	EUR/kg Meánphraghas	% den Praghas mórdhíola	% den Praghas miondíola	Foinse
Praghas céad díolacháin	6,35	56%	33%	MAPA
Iompar soitheach -> Ardán	0,79	7%	4%	Agallamh
Costais eile (Oighear, dímhéas, srl.)	1,18	11%	6%	Agallamh
Costas saothair	1,46	13%	8%	Agallamh
Glanchorrlach	1,48	13%	8%	Ríofa
Seachadta ag an ardán	11,26	100%	58%	MAPA
Costais oibriúcháin an ardáin	0,39		2%	Agallamh
Iompar ardán -> siopa	0,32		2%	Agallamh
Crapadh	1,16		6%	Agallamh
Costas saothair	0,43		2%	Agallamh
Costais eile (cuntar an éisc)	0,33		2%	Agallamh
Glanchorrlach	5,36		28%	Ríofa
Meánphraghas díola, gan CBL san áireamh	19,25		100%	Ríofa
CBL (10%)	1,93			Ríofa
Meánphraghas díola	21,18			Suirbhé ar líne

Foinse: Suirbhé EUMOFA

Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um lascach agus Táirgí Dobharshaothraithe – Colmóir in AE

Fíor 8: Costais agus corrlaigh sa slabhra soláthair colmóra úir sa Spáinn



Foinse: Suirbhé EUMOFA

4 MARGADH NA FRAINCE

4.1 Struchtúr an tslabhra soláthair

4.1.1 Táirgeacht

Gabhálacha

B'ionann gabhálacha colmóra na Fraince agus 26.295 tona in 2024. Bhí an toirt sin 17% níos ísle ná in 2023 agus 50% níos ísle ná in 2015. Ar an iomlán, d'fhan gabhálacha réasúnta seasmhach idir 2015 agus 2017 sular laghdaigh siad de réir a chéile. Colmóir Eorpach (*M. merluccius*) amháin atá i ngabhálacha colmóra na Fraince.

Tábla 28: Táirgeacht colmóra na Fraince idir 2014 agus 2023 (tonaí CBM)

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 2015/24
Gabhálacha	43.723	45.435	45.259	39.782	34.692	30.427	28.763	29.629	26.295	21.743	-50%

Foinse: EUROSTAT/EUMOFA

Céad díolacháin

B'ionann toirteanna colmóra céad díolacháin i gcalafoirt na Fraince agus 8.885 tona in 2024. Is mar gheall go gcuirtear cion mór de ghabhálacha na Fraince i dtír thar lear, go háirithe in Éirinn, go bhfuil difríocht idir toirteanna céad díolacháin agus iomlán na ngabhálacha. Is iad St Jean-de-Luz (32% de thoirt náisiúnta an chéad díolacháin), Lorient (15%) agus Les Sables-d'Olonne (10%) na príomhcalafoirt Fhrancacha maidir le céad díolacháin colmóra. Tá na sé chalafort is mó maidir le céad díolacháin colmóra suite ar Bhá na Bioscáine.

Le deich mbliana anuas, laghdaigh toirteanna céad díolacháin faoina leath ag St Jean-de-Luz (-58%), Lorient (-58%) agus Les Sables-d'Olonne (-54%), agus mhéadaigh siad faoi dhó ag La Rochelle (+54%) agus mhéadaigh siad níos lú i nGuilvinec (+13%). I measc na gcalafort tánaisteach do chéad díolacháin colmóra, ba ag La Turballe ba mhó a laghdaigh an toirt (-87%, go 236 tona in 2024) agus ba ag St Gilles-Croix-de-Vie a bhí an fás is láidre (+235%, go 258 tona in 2024).

Tábla 29: Toirt céad díolacháin colmóra i gcalafoirt na Fraince idir 2015 agus 2024 (tonaí meáchain táirge)

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 2015/24
St Jean-de-Luz	6.714	6.841	6.155	5.415	3.789	3.654	3.771	3.719	2.580	2.853	-58%
Lorient	3.203	3.266	3.240	1.901	2.384	1.555	1.840	1.851	1.830	1.357	-58%
Les Sables-d'Olonne	2.037	2.146	2.270	2.451	1.937	1.667	1.381	1.140	1.071	931	-54%
Guilvinec	545	997	1.252	945	818	728	634	768	609	618	+13%
La Rochelle	269	195	250	268	632	697	571	786	694	413	+54%
Calafoirt eile	5.698	5.628	6.009	5.391	4.302	3.057	2.904	3.554	3.159	2.712	-52%
Iomlán	18.466	19.073	19.176	16.370	13.861	11.358	11.101	11.818	9.942	8.885	-52%

Foinse: EUMOFA, bunaithe ar shonraí náisiúnta

4.1.2 Allmhairí - Onnmhairí

Allmhairí

B'ionann iomlán allmhairí colmóra isteach sa Fhrainc agus 16.209 tona in 2024, ar luach beagnach EUR 87 milliún. Idir 2015 agus 2024, laghdaigh allmhairí colmóra na Fraince 3%, cé gur bhain siad buaic

Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um lascach agus Táirgí Dobharshaothraithe – Colmóir in AE

amach in 2022 ag 20.524 tona. Sa tréimhse chéanna, d'ardaigh luach ainmniúil na n-allmhairí 47%, agus d'ardaigh an meánphraghas ainmniúil allmhairithe 51%, ó 3,55 EUR/kg go 5,36 EUR/kg in 2024.

Ba é colmóir reoite ba mhó a d'allmhairigh an Fhrainc in 2024, arbh ionann é agus 79% den luach iomlán (EUR 66 milliún, a chomhfhreagraíonn do 12.754 tona). B'éard a bhí sa chuid ba mhó den chatagóir sin ná filléid reoite, arbh ionann iad agus 73% den luach agus 71% den toirt. B'ionann allmhairiú colmóra úir agus 18% den luach allmhairithe iomlán (EUR 15,2 milliún) agus b'iasc iomlán é go léir.

Tábla 30: Allmhairiú colmóra chun na Fraince de réir staid leasaithe (2024)

	Toirt (tonaí meáchain táirge)	Luach ainmniúil (1.000 EUR)	Praghas ainmniúil (EUR/kg)	% den luach 2024
Beo/Úr	2.856	15.203	5,32	17%
Reoite	12.754	66.657	5,23	79%
Ullmhaithe/leasaithe	598	5.015	8,38	4%
Iomlán	16.209	86.876	5,36	100%

Foinse: EUROSTAT-COMEXT

Tábla 31: Forbairt thoirt allmhairí (tonaí), luach (ainmniúil, 1.000 EUR) agus praghas ainmniúil (EUR/kg) colmóra chun na Fraince idir 2015 agus 2024

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 2015/24
Toirt	16.633	16.530	15.765	15.043	16.349	14.692	14.817	20.524	18.106	16.209	-3%
Luach	59.084	57.665	59.870	59.862	66.461	63.023	64.529	96.594	95.066	86.876	+47%
Praghas ainmniúil	3,55	3,49	3,80	3,98	4,07	4,29	4,36	4,71	5,25	5,36	+51%

Foinse: EUROSTAT-COMEXT

Ba í an Namaib an príomhsholáthróir colmóra chun na Fraince in 2024, agus mhéadaigh toirt na n-allmhairí ón tír 49% sin idir 2015 agus 2024. D'fhás allmhairiú ón Spáinn, ó na Stáit Aontaithe agus ón Afraic Theas sa tréimhse chéanna freisin, agus é ag ardú 5%, 18% agus 83%, faoi seach. Os a choinne sin, laghdaigh allmhairí ón Airgintín agus ó Ceanada 21% agus 62%, faoi seach.

Fuarthas colmóir reoite, den chuid ba mhó, ón Namaib (42% de thoirt allmhairithe reoite) agus ó na Stáit Aontaithe (18%). Ba ón Spáinn (39% de thoirt na n-allmhairí úra), ó Ceanada (21%) agus ón Ríocht Aontaithe (RA) (12%) a tháinig allmhairí colmóra úir den chuid ba mhó.

In 2024, ba é colmóir Eorpach 33% agus speicis eile colmóra 67% de thoirteanna colmóra allmhairithe (gan táirgí ullmhaithe agus leasaithe san áireamh).

Tábla 32: Forbairt allmhairí colmóra na Fraince de réir soláthróra (i dtonaí meáchain táirge, 2015-2024)

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 2015/24
An Namaib	3.676	3.545	4.745	4.312	3.708	3.347	2.914	5.866	5.802	5.480	+49%
An Spáinn	2.359	1.864	2.207	2.324	2.783	2.825	2.952	3.674	3.848	2.787	+18%
SAM	2.141	1.659	1.272	1.260	2.399	2.223	1.738	3.618	3.090	2.240	+5%
An Afraic Theas	952	1.217	1.012	1.080	1.127	1.185	1.501	1.110	1.208	1.742	+83%
An Airgintín	859	1066	783	607	688	653	513	771	713	676	-21%
Ceanada	1.631	1.778	1.668	1.163	772	683	769	383	204	613	-62%
An Ísiltír	954	510	184	223	415	979	968	1.079	760	550	-42%
An Danmhairg	1.094	1.289	1.136	976	1.122	755	884	1.136	765	486	-56%
Ríocht Aontaithe	613	1017	781	1.072	1.125	450	678	691	378	353	-42%
Tíortha eile	2.355	2.584	1.978	2.027	2.211	1.594	1.899	2.196	1.338	1.282	-46%
Iomlán	16.633	16.530	15.765	15.043	16.349	14.692	14.817	20.524	18.106	16.209	-3%

Foinse: EUROSTAT-COMEXT

Onnmhairí

B'ionann onnmhairí colmóra na Fraince agus 6.419 tona in 2024, ar luach beagnach EUR 41 milliún. B'ionann colmóir úr agus 49% den luach onnmhairithe, agus b'ionann colmóir ullmhaithe agus 39%. Bhí an meánphraghas onnmhairithe i bhfad níos airde i gcás táirgí ullmhaithe (9,29 EUR/kg) ná i gcás colmóra úir (5,14 EUR/kg).

Idir 2015 agus 2024, laghdaigh toirteanna onnmhairithe colmóra na Fraince 4%. Sa tréimhse chéanna, mhéadaigh idir an luach ainmniúil agus praghas ainmniúil an aonaid faoi dhó, agus d'ardaigh an meánphraghas onnmhairithe ó 2,88 EUR/kg go 5,64 EUR/kg. Luainigh toirteanna onnmhairithe le linn na ndéic mbliana, agus bhain siad an leibhéal is ísle amach in 2020, nuair nár onnmhairíodh ach 3.664 tona.

Tábla 33: Onnmhairí colmóra na Fraince de réir staid leasaithe (2024)

	Toirt (tonaí meáchain táirge)	Luach ainmniúil (1.000 EUR)	Praghas ainmniúil (EUR/kg)	% den luach 2024
Beo/Úr	3.863	19.839	5,14	+49%
Reoite	839	4.848	5,78	+12%
Ullmhaithe/Leasaithe	1.717	15.951	9,29	+39%
Iomlán	6.419	40.638	6,33	100%

Foinse: EUROSTAT-COMEXT

Tábla 34: Forbairt thoirt onnmhairithe na Fraince (meáchan táirge tonaí), luach (ainmniúil, 1.000 EUR) agus praghas ainmniúil (EUR/kg) colmóra idir 2015 agus 2024

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 2015/24
Toirt	6.672	5.017	4.344	5.430	4.338	3.664	4.590	5.751	7.082	6.419	-4%
Luach	19.666	16.022	14.191	21.657	18.178	15.712	21.585	31.788	39.962	40.638	+107%
Praghas ainmniúil	2,95	3,19	3,27	3,99	4,19	4,29	4,70	5,53	5,64	6,33	+115%

Foinse: EUROSTAT-COMEXT

Ba í an Spáinn príomhcheann scríbe onnmhairí colmóra na Fraince in 2024, arb ionann í agus 77% den toirt onnmhairithe iomlán. Mar sin féin, laghdaigh allmhairí colmóra na Fraince 18% idir 2015 agus 2024.

Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um lascach agus Táirgí Dobharshaothraithe – Colmóir in AE

I measc na gceann scríbe móra eile bhí an Iodáil agus an Danmhairg. D'ardaigh onnmhairí chun na hIodáile go mór ó 146 tona in 2015 go 774 tona in 2024. D'éirigh Éire ina margadh suntasach freisin, agus d'ardaigh onnmhairí ó thona amháin in 2015 go 154 tona in 2024.

Díríodh onnmhairí colmóra úra chuig an Spáinn den chuid is mó - 88% den toirt onnmhairithe. Seoladh colmóir reoite chuig an Iodáil den chuid is mó (65% de thoirt onnmhairithe reoite) agus chuig an Ísiltír (22%).

Tábla 35: Forbairt onnmhairí colmóra na Fraince de réir ceann scríbe (tonaí meáchain táirge, 2015-2024)

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 2015/24
An Spáinn	5.684	4.177	3.554	4.563	3.302	2.979	3.609	4.329	5.422	4.645	-18%
An Iodáil	146	147	141	194	324	242	354	541	849	774	+432%
An Danmhairg	309	421	349	304	294	109	125	356	236	216	-30%
An Ísiltír	20	13	34	11	11	15	17	39	33	208	+940%
An Bheilg	150	107	100	128	155	174	233	220	166	186	+24%
Éire	1	0	0	0	0	1	25	24	127	154	+19.594%
Tíortha eile	363	153	166	229	250	144	226	241	249	236	-35%
Iomlán	6.672	5.017	4.344	5.430	4.338	3.664	4.590	5.751	7.082	6.419	-4%

Foinse: EUROSTAT-COMEXT

4.1.3 Tomhaltas dealraitheach


In 2024, b'ionann an soláthar iomlán colmóra sa Fhrainc agus 56.754 tona CBM, agus tháinig 62% (35.011 tona CBM) ó allmhairí agus 38% (21.743 tona CBM) ó ghabhálacha Francacha. Tomhlaíodh an chuid is mó den soláthar sin (85%) sa tír féin, rud a thug tomhaltas dealraitheach 47.965 tona CBM, agus onnmhairíodh 15% (8.788 tona CBM). Laghdaigh tomhaltas dealraitheach colmóra sa Fhrainc 9% idir 2023 agus 2024.

Tábla 36: Tomhaltas dealraitheach colmóra in 2024 (tonaí CBM)

	Toirt	Difear 2023/24
Táirgeacht	21.743	-17%
Allmhairiú	35.011	-3%
Soláthar	56.754	-9%
Onnmhairiú	8.788	-5%
Tomhaltas dealraitheach	47.966	-9%

Foinse: Meastacháin EUMOFA bunaithe ar shonraí EUROSTAT

Fíor 9: Comhardú soláthair colmóra sa Fhrainc (2024, tonnaí de choibhéis bheomheáchain)




Foinse: Meastacháin EUMOFA bunaithe ar shonraí EUROSTAT

4.2 Saintréithe de mhargadh agus thomhaltas na Fraince

De réir FranceAgriMer, is é an colmóir (*merlu* i bhFraincis) an 13ú speiceas éisc úir is mó a cheannaítear i miondíol na Fraince, agus díoltar 2.404 tona (meáchan táirge) de. I dtéarmaí luacha, tá sé rangaithe 13 freisin, agus EUR 34,4 milliún i ndíolacháin aige. Is ionann colmóir agus 2% de thoirt iomlán an éisc úir a cheannaítear sa Fhrainc. Tá dul amach ag ithe tábhachtach i margadh colmóra na Fraince freisin.

Tugann staidéar a d'fhoilsigh FranceAgriMer in 2025 sonraí breise maidir le ceannacháin teaghlaigh colmóra. I measc na mbealaí dáileacháin miondíola, is iad miondíoltóirí móra 67% de thoirt agus 62% de luach na gceannachán colmóra. Is iad ceannaithe éisc an dara bealach is mó (16% de thoirt, 20% de luach), agus ina dhiaidh sin margáí oscailte (10% de thoirt, 12% de luach).


Fíor 10: Comhardú soláthair colmóra sa Fhrainc (2024, toirt sa chairt ar chlé (CBM), luach sa chairt ar dheis)



Foinse: FranceAgriMer bunaithe ar Kantar Worldpanel

Is beag séasúracht atá le feiceáil i ndíolacháin mhiondíola colmóra i gcomparáid le speicis eile éisc. Léiríonn sonraí ó 2023 agus 2024 leibhéal tomhaltais beagán níos airde ó mhí Feabhra go mí na Bealtaine, i gcomparáid leis an gcuid eile den bhliain. De réir na bpáirtithe leasmhara, is iad praghsanna níos ísle sa tréimhse sin is cúis leis an bpatrún sin seachas nósanna tomhaltais séasuracha ar leith.

Fíor 11: Séasúracht toirteanna colmóra a díoladh le haghaidh tomhaltas teaghlaigh (tonaí meáchain táirge) agus praghsanna (EUR/kg) in 2023 agus 2024



Foinse: FranceAgriMer bunaithe ar Kantar Worldpanel

Tá an colmóir níos saoire ná an meán i measc speiceas éisc sa Fhrainc agus dá bhrí sin ceannaíonn idir thomhaltóirí ag a bhfuil cumhacht cheannaigh ard agus tomhaltóirí ag a bhfuil cumhacht cheannaigh meánach. I gcomparáid le speicis eile éisc, is mó tomhaltas colmóra in iarthar agus in iardheisceart na Fraince, rud atá ag teacht leis na príomhcheantair cuir i dtír. Tá an tomhaltas gann i réigiún Pháras agus in oirdheisceart na Fraince. Tá an meántomhaltóir colmóra níos sine freisin ná gnáth-thomhaltóir speiceas eile éisc.

Tá an margadh deighilte den chuid is mó de réir chur i láthair an táirge agus na stíle gearrtha, rud a léiríonn luachshocrú raon leathan méideanna éisc. De réir na bpáirtithe leasmhara, is féidir idirdhealú a dhéanamh idir cheithre phríomhchatagóir méide, agus gach ceann acu le díol i margadh éagsúil:

- **< 800 g:** *merluchon* (*merlu* beag) iomlán a dhíoltar ag miondíol mór, ag ceannaithe éisc agus ag margaí oscailte
- **1 -2 kg:** a dhíoltar iomlán le bialanna agus trí dhíolacháin dhíreacha den chuid is mó
- **2 kg:** a dhíoltar mar fhilléid nó píosaí (*pavés*), úr nó reoite, ag miondíol mór, ag ceannaithe éisc agus ag margaí oscailte
- **>2 -3 kg:** a dhíoltar i slisní ag miondíol mór, ag ceannaithe éisc agus ag margaí oscailte

Is toisc thábhachtach deighilte é modh iascaireachta freisin, mar atá trálaeireacht nó spiléireacht den chuid is mó, agus tá difríochtaí suntasacha i bpraghsanna feadh an tslabhra soláthair.

De réir na bpáirtithe leasmhara, is annamh a reoitear táirgeadh na tire mar gheall go bhfuil colmóir leochaileach faoi reo. Dá bhrí sin, is amhlaidh go bhfuil an margadh colmóra deighilte de réir bunúis, agus is ó allmhairí (go háirithe táirgí ón taobh amuigh den Aontas) a thagann táirgí reoite den chuid is mó agus ó iascach na Fraince agus tíortha Eorpacha eile a thagann táirgí úra. Tá an deighilt sin ag teacht go páirteach le deighilt speiceas freisin, go háirithe ó thaobh cholmóir Eorpach (*M. merluccius*) na Fraince agus speicis eile colmóra de.

Ina theannta sin, tá an margadh colmóra deighilte de réir deimhniúcháin freisin, agus ciar de tháirgí a bhfuil lipéid MSC orthu (ina measc sin allmhairí *M. capensis* as taobh amuigh den Aontas), chomh maith le brandaí táirgeoirí áitiúla, a leagann béim ar úire an táirge.

4.3 Tarchur praghais sa slabhra soláthair

4.3.1 Pragsanna céad díolachán

Mhéadaigh praghais ainmniúil céad díolacháin colmóra sa Fhrainc 18% idir 2023 agus 2024 agus 56% idir 2015 agus 2024. Is féidir thart ar leath den mhéadú sin a mhíniú le boilsciú: i dtéarmaí réadacha, d'ardaigh pragsanna céad díolacháin 23% le linn deich mbliana. Ceileann na meáin sin difríochtaí suntasacha, áfach, a bhaineann le modhanna iascaireachta. De réir páirtithe leasmhara, in 2024 díoltaí colmóir ar 5,00-6,00 EUR/kg má gabhadh le heangach gheolbhaigh é, agus ar suas le 8,00-9,00 EUR/kg má gabhadh le spiléir é. Nuair a bhíonn cur i dtír ard, is féidir go dtiteann pragsanna go thart ar 4,00 EUR/kg.

Tábla 37: Forbairt toirte céad díolacháin agus praghais colmóra sa Fhrainc (2015-2024)

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 23/24	Difear 15/24
Toirt (tonaí meáchain táirge)	18.466	19.073	19.176	16.370	13.861	11.358	11.101	11.818	9.942	8.885	-11%	-52%
Praghais ainmniúil (EUR/kg)	2,84	2,69	2,76	2,95	3,18	3,20	3,36	3,55	3,77	4,44	+18%	+56%

Foinse: EUMOFA

Athraíonn pragsanna colmóra sa Fhrainc freisin de réir an chalafoirt ina dtarlaíonn an chéad díolachán. In 2024, bhí an meánpraghais céad díolacháin in St Jean-de-Luz (4,60 EUR/kg) 0,73 EUR/kg níos airde ná in Guilvinec (3,83 EUR/kg). De réir páirtithe leasmhara, faigheann Guilvinec cuid de na toirteanna a chláraítear go hoifigiúil mar chéad díolacháin i gcalafoirt eile, rud a d'fhéadfadh a phragsanna níos ísle a mhíniú. Os a choinne sin, is féidir na pragsanna níos airde atá le feiceáil in St Jean-de-Luz a chur i leith an sciar níos airde de chur i dtír ó spiléir, a mbíonn pragsanna níos airde air ná ar mhodhanna eile iascaireachta de ghnáth.

Tábla 38: Forbairt praghais ainmniúil céad díolacháin colmóra i gcalafoirt na Fraince (EUR/kg, 2020-2024)

	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 2020/24
St Jean-de-Luz	3,20	3,34	3,66	4,26	4,60	+44%
Les Sables-d'Olonne	3,30	3,38	3,41	3,50	4,39	+33%
La Rochelle	2,95	3,06	3,40	3,52	4,15	+41%
Lorient	2,97	2,90	3,22	3,14	4,12	+39%
Guilvinec	2,83	2,89	3,46	3,77	3,83	+35%
Meán chalafoirt na Fraince	3,20	3,36	3,55	3,77	4,44	+38%

Foinse: EUMOFA

4.3.2 Pragsanna mórdhíola

D'athraigh pragsanna mórdhíola colmóra iomláin go suntasach in 2024, idir 5,81 EUR/kg agus 9,20 EUR/kg, agus 11,14 EUR/kg ar fhilleid úra. Is é meáchan an táirge an rud is mó a rialaíonn an praghais: tá difríocht 2,81 EUR/kg idir colmóir 1-2 kg agus colmóir 3-4 kg de bhunadh na Fraince, agus difríocht 3,35 EUR/kg idir colmóir allmhairithe 1-2 kg agus 4-5 kg. Ag céim an mhórdhíola, tá praghais cholmóir iomlán na Fraince beagán níos airde ná praghais colmóra allmhairithe, le meándifríocht 0,61 EUR/kg.

Tábla 39: Praghsanna ainmniúla colmóra úir i margadh mórdhíola Rungis in 2024, de réir bunúis agus meáchain

Bunús (táirge)	Meáchan	Praghas (EUR/kg)
An Fhrainc (iomlán)	1-2 kg	6,39
	2-3 kg	7,45
	3-4 kg	9,20
Allmhairiú (iomlán)	1-2 kg	5,81
	2-3 kg	6,82
	3-4 kg	8,59
	4-5 kg	9,16
Allmhairiú (filléad)	<1 kg	11,14

Foinse: FranceAgriMer/RNM


4.3.3 Praghsanna allmhairithe agus onnmhairithe

Le deich mbliana anuas, mhéadaigh praghsanna allmhairithe colmóra úir iomláin agus filléid colmóra reoite araon go suntasach. D'ardaigh praghas allmhairithe ainmniúil colmóra iomláin úir 75% (+46% i dtéarmaí réadacha), agus mhéadaigh praghas ainmniúil filléid colmóra reoite allmhairithe 42% (+18% i dtéarmaí réadacha). In 2024, ní raibh praghas filléid colmóra reoite allmhairithe ach 3% níos airde ná praghas colmóra iomláin úir allmhairithe (5,48 EUR/kg in aghaidh 5,32 EUR/kg), i gcomparáid le difríocht 21% in 2015 (3,86 EUR/kg in aghaidh 3,04 EUR/kg).

Sa tréimhse chéanna, laghdaigh toirteanna allmhairí colmóra iomláin úir 40%, ach mhéadaigh toirteanna filléid colmóra reoite allmhairithe 7%. Mar gheall ar athruithe toirte agus praghais, d'fhás luach colmóra iomláin úir allmhairithe 105%, agus mhéadaigh luach filléid colmóra reoite allmhairithe 66%.

D'athraigh meáchan coibhneasta an dá tháirge sin i luach iomlán na n-allmhairí colmóra freisin. Laghdaigh sciar colmóra iomláin úir ó 25% go 17%, agus mhéadaigh sciar filléad colmóra reoite ó 71% go 73%.

Fíor 12: Forbairt thoirt na n-allmhairí agus phraghsanna colmóra úir iomláin agus filléad reoite colmóra (i dtonaí meáchain táirge, i bpraghsanna ainmniúla agus iarbhíre, 2015-2024)



Foinse: EUROSTAT-COMEXT

Tá difríocht shuntasach idir praghsanna allmhairí colmóra iomláin úir de réir thír a soláthair. In 2024, ba bheag an difear idir praghsanna allmhairí ón Spáinn agus ón Danmhairg agus idir iad sin agus an meánphraghas taobh istigh den Aontas, mar atá 6,22 EUR/kg. Bhí allmhairiú colmóra iomláin úir ón Ríocht Aontaithe níos ísle, ag 4,72 EUR/kg. Níorbh fhéidir le páirtithe leasmhara tábhacht allmhairí cláraithe colmóra úir ó Ceanada a mhíniú le linn agallaimh.

Tábla 40: Forbairt praghsanna allmhairí colmóra iomláin úir ó cheithre phríomhthír soláthróra, meánphraghsanna ar allmhairí ón taobh amuigh den Aontas agus ón taobh istigh den Aontas (2015-2024, praghas ainmniúil in EUR/kg)

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 23/24	Difear 15/24
An Spáinn	4,66	5,05	5,06	4,88	4,73	4,20	4,81	4,65	5,18	6,20	+20%	+33%
Ceanada	1,77	1,70	1,75	1,73	1,78	2,02	2,27	2,64	2,81	3,05	+9%	+72%
An Danmhairg	3,38	3,48	3,78	4,42	4,88	4,40	5,35	5,51	5,71	6,38	+12%	+89%
Ríocht Aontaithe	3,05	3,09	3,41	3,49	3,83	3,50	4,90	4,77	4,81	4,72	-2%	+55%
Ón taobh amuigh de AE	2,01	1,98	2,12	2,56	2,92	3,63	4,06	4,35	4,93	4,36	-12%	+117%
Ón taobh istigh de AE	3,79	3,92	4,12	4,61	4,75	4,20	4,93	4,89	5,24	6,22	+19%	+64%

Foinse: EUROSTAT-COMEXT

Tá praghsanna ar fhilleid colmóra reoite allmhairithe níos ísle más ón taobh amuigh den Aontas iad ná ó sholáthróirí laistigh den Aontas, le difríocht 0,78 EUR/kg in 2024. I measc na bpríomhthíortha soláthróra, tá praghsanna allmhairithe ó na Stáit Aontaithe i bhfad níos ísle ná na praghsanna ó thíortha eile. Ba ar allmhairí ón Spáinn ba mhó an méadú ar phraghsanna – méadú 13% idir 2023 agus 2024, agus 41% le deich mbliana anuas.

Idir 2023 agus 2024, thit praghas filléid colmóra reoite allmhairithe ó na Stáit Aontaithe 23%, agus mhéadaigh praghsanna ó gach mórsholáthóir eile.

Tábla 41: Forbairt praghsanna allmhairithe filléad reoite colmóra ó cheithre phríomhthír soláthróra, meánphraghas ar allmhairí ón taobh amuigh den Aontas agus ón taobh istigh den Aontas (praghas ainmniúil in EUR/kg, 2015-2024)

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 23/24	Difear 15/24
An Namaib	4,51	4,63	4,86	5,25	5,25	5,34	5,25	5,52	5,93	6,07	+2%	+34%
SAM	2,41	2,61	2,56	2,51	2,84	3,02	3,08	3,85	4,03	3,11	-23%	+29%
An Afraic Theas	4,67	5,03	5,31	5,59	5,60	5,85	5,63	5,64	6,20	6,28	+1%	+34%
An Spáinn	4,50	4,95	4,94	4,91	4,78	4,82	4,69	4,96	5,61	6,35	+13%	+41%
Ón taobh amuigh de AE	3,76	3,87	4,20	4,27	4,15	4,42	4,55	4,93	5,26	5,33	+1%	+42%
Ón taobh istigh de AE	4,19	4,52	4,48	4,34	4,04	4,54	4,30	4,50	5,75	6,11	+6%	+46%

Foinse: EUROSTAT-COMEXT

4.3.4 Praghsanna miondíola

De réir suirbhé ar líne a rinneadh i mí Lúnasa 2025, bhí praghsanna miondíola colmóra sa Fhrainc idir 12,90 agus 18,00 EUR/kg ar cholmóir úr iomlán, agus idir 16,66 agus 29,90 EUR/kg ar fhilléid úra.

Tábla 42: Praghas colmóra Eorpaigh ó shuirbhé ar líne sa Fhrainc (praghsanna ainmniúla, Lúnasa 2025)

Bealach díolacháin	Leasú	Cur i láthair	Meáchan (g)	Praghas (EUR/kg)
Ceannaí éisc	Úr	Iomlán (méid bheag)	0,300	12,90
Miondíoltóir mór	Úr	Filléad	0,200	16,66
Ceannaí éisc	Úr	Filléad (droim)	0,500	16,95
Ceannaí éisc	Úr	Filléad	0,200	16,95
Ceannaí éisc	Úr	Iomlán, gan inní	0,500	18,00
Miondíoltóir mór	Úr	Filléad	0,300	19,90
Miondíoltóir mór	Úr	Filléad	0,300	19,93
Miondíoltóir mór	Úr	Filléad	0,300	23,99
Ceannaí éisc	Úr	Filléad	0,200	29,90

Foinse: suirbhé ar líne

De réir FranceAgriMer, bunaithe ar shonraí painéil Kantar, bhain meánphraghas miondíola colmóra úir (iomlán agus filléad le chéile) 14,30 EUR/kg amach in 2024, mar atá 2,50 EUR/kg níos ísle ná meánphraghas gach speiceas éisc úir. Le sé bliana anuas – agus idir 2023 agus 2024 – d'ardaigh praghsanna colmóra úra níos gasta ná praghsanna speiceas eile éisc. Díoltar colmóir i miondíol níos mó ná a lán speiceas eile agus is é sin is cúis, go páirteach, leis an meánphraghas níos ísle i gcomparáid le speicis eile.

Tábla 43: Forbairt meánphraghsanna miondíola ar iasc úr (praghas ainmniúil in EUR/kg, 2019-2024)

	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 2023/24	Difear 2019/24
Colmóir	10,80	11,60	12,50	12,50	13,50	14,30	+6%	+32%
Meánphraghas gach speiceas éisc ¹⁶	14,90	15,30	15,30	16,40	16,90	16,80	-1%	+13%

Foinse: FranceAgriMer bunaithe ar Kantar Worldpanel

4.3.5 Tarchur praghsanna

Tá an chuid seo dírithe ar shlabhra soláthair colmóra toise 3 (0,6 kg-1,2 kg), gafa ag trálaeir nó spiléir, a tháinig i dtír sa Fhrainc (St Jean-de-Luz), agus a dhíoltar mar fhilléad úr in ollmhargaí. Roghnaíodh meánphraghas an chéad díolacháin in St Jean-de-Luz ar cholmóir toise 3 den ghrád A, an grád is coitianta, mar an tagairt, chun na praghsanna níos airde a fhaightear ar iasc spiléir a eisiamh. Thug páirtithe leasmhara táillí ceantála in St Jean-de-Luz, rátaí craptha agus costais iompair chuig an suíomh miondíola ar fáil, mar aon le raon praghsanna 10-15 EUR/kg an *mareyeur* (an chéad mhórdhíoltóir). Fuair an praghas miondíola ón suirbhé ar líne, bunaithe ar fhilléad colmóra úir 300 g.

Tábla 44: Costais agus corrlaigh maidir le filléad úr colmóra á dhíol in ollmhargadh sa Fhrainc (2024)


Céim	Praghas (EUR/kg)	% den phraghas deiridh	Foinse
Praghas céad díolacháin	4,22	21%	EUMOFA céad díolacháin (colmóir toise 3 a díoladh in St Jean de Luz, 2024)
Cáin cheantála	0,14	1%	Agallamh
Crapadh	5,60	28%	Agallamh
Costas iompair	0,75	4%	Agallamh
Costais eile agus glanchorrach an <i>mareyeur</i>	2,30	12%	Ríofa
Praghas an <i>mareyeur</i>	13,01	66%	Agallamh
Costais eile agus glanchorrach i miondíol	5,80	29%	Ríofa
Miondíol gan CBL	18,81	95%	Ríofa
CBL (5,5%)	1,09	5%	5% CBL
Miondíol	19,90	100%	Suirbhé ar líne

Foinse: Suirbhé EUMOFA

¹⁶ Cuimsíonn sé gach speiceas a mheastar i dtuarascáil 2024 FranceAgriMer maidir le staid tomhaltais táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe: https://www.franceagrimer.fr/sites/default/files/2025-10/STA_MER_CONSO_2024.pdf (lch 27)

Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um Iascach agus Táirgí Dobharshaothraithe – Colmóir in AE

Fíor 13: Costais agus corrlaigh maidir le filléad úr colmóra á dhíol in ollmhargadh sa Fhrainc (2024)



Foinse: Suirbhé EUMOFA

5 MARGADH NA hÉIREANN

5.1 Struchtúr an tslabhra soláthair

5.1.1 Táirgeacht

Gabhálacha:

De réir EBT, b'ionann gabhálacha colmóra na hÉireann agus 3.439 tona in 2023. Níl sonraí ar fáil do 2024. Bhí na gabhálacha 5% níos airde ná mar a bhí in 2022. Idir 2014 agus 2023, mhéadaigh gabhálacha 88%, ag ardú ó 2.601 tona in 2014 go 3.439 tona in 2023. Colmóir Eorpach (*M. merluccius*) amháin atá i ngabhálacha colmóra na hÉireann.

Tábla 45: Táirgeacht colmóra na hÉireann idir 2014 agus 2023 (tonaí CBM)

	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023 *	2024	Difear 2014/23
Gabhálacha	2.601	2.736	3.394	3.487	3.365	3.862	3.557	3.882	3.330	3.439	N/B	+88%

*Tabhair faoi deara: is ó EBT sonraí 2023, is ó EUROSTAT na luachanna eile go léir

Foinse: EUROSTAT, EBT

Cur i dtír agus toirteanna céad díolacháin:

Tá difríocht shuntasach idir cur i dtír agus toirteanna céad díolacháin in Éirinn, mar gheall ar an méid mór a sheoltar go díreach thar lear gan a dhíol go háitiúil tríd an gcéad díolachán. In 2023, b'ionann toirteanna céad díolacháin agus 2.955 tona, gan ach 25% den chur i dtír a chláraigh an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (ÚCIM). Bhí an sciar sin níos ísle fós in 2017, nuair nach raibh i dtoirteanna céad díolacháin ach 12% den chur i dtír a chláraigh ÚCIM. Cé nach dtaifeadtar na toirteanna sin a sheoltar thar lear i gcéad díolacháin na hÉireann, bíonn tionchar láidir acu ar phraghsanna.

Tábla 46: Toirteanna colmóra curtha i dtír agus toirteanna céad díolachán in Éirinn (tonaí meáchain táirge, 2014-2023)

	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	Difear 2014/23
Cur i dtír (ÚCIM)	19.149	26.791	25.155	23.630	16.905	16.159		15.541	12.975	11.952	-37%
Céad díolacháin (EUMOFA)			2.864	2.900	3.109	2.691	2.625	2.927	2.652	2.955	N/B

Foinse: EUMOFA, ÚCIM

De réir shonraí ÚCIM, laghdaigh cur i dtír colmóra in Éirinn (soithí eachtracha agus Éireannacha le chéile) 52% idir 2016 agus 2023, agus d'fhan toirteanna céad díolacháin in Éirinn réasúnta seasmhach. Má chuirtear sonraí ÚCIM i gcomparáid le sonraí Eurostat, a thugann náisiúntacht na ngabhálacha go dtí 2019, is féidir a mheas nach raibh ach 20% d'iomlán na ngabhálacha a cuireadh i dtír in Éirinn ó shoithí Éireannacha.

Mar an gcéanna le gabhálacha Éireannacha, is colmóir Eorpach (*M. merluccius*)¹⁷ amháin atá i gcur i dtír agus céad díolacháin in Éirinn, agus gabhtar sa Mhuir Cheilteach agus in uiscí an Aigéin Atlantaigh mórthimpeall na hÉireann é den chuid is mó.

¹⁷ https://eumofa.eu/documents/20124/35668/EFM2023_EN.pdf

5.1.2 Allmhairí - Onnmhairí

Allmhairí

B'ionann iomlán na n-allmhairí colmóra isteach in Éirinn agus 1.837 tona in 2024, ar luach EUR 8 milliún. De réir Bhord Iascaigh Mhara (BIM), ba é colmóir an 14ú speiceas éisc is mó a allmhairíodh de réir luacha¹⁸ in 2023. Idir 2015 agus 2024, mhéadaigh allmhairí colmóra na hÉireann faoi thrí ó thaobh toirte de, agus mhéadaigh a luach ainmniúil faoi cheathair. Sa tréimhse chéanna, mhéadaigh an praghas ainmniúil allmhairithe 20%, ó 3,81 EUR/kg go 4,57 EUR/kg; mar sin féin, i dtéarmaí réadacha, d'fhan an praghas seasmhach.

Ba iad colmóir reoite agus colmóir úr ba mhó a d'allmhairíodh in 2024, arbh ionann iad agus 55% agus 42% den luach iomlán, faoi seach. Ní raibh i gcolmóir ullmhaithe agus leasaithe ach 3% den luach, arb ionann é agus EUR 232.000.

Tábla 47: Allmhairí colmóra chun na hÉireann de réir staid leasaithe (2024)

	Toirt (tonaí meáchain táirge)	Luach ainmniúil (1.000 EUR)	Praghas ainmniúil (EUR/kg)	% den luach 2024
Beo/Úr	952	3.544	3,72	42%
Reoite	858	4.617	5,38	55%
Ullmhaithe/Leasaithe	26	232	8,79	3%
Iomlán	1.837	8.393	4,57	100%

Foinse: Mionsaothrú EUMOFA ar shonraí EUROSTAT-COMEXT

Tábla 48: Forbairt allmhairí colmóra go hÉirinn (2015-2024)

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 2015/24
Toirt (tonaí meáchain táirge)	507	1.053	1.097	619	871	762	1.032	1.274	1.493	1.837	+262%
Luach ainmniúil (1.000 EUR)	1.933	3.961	4.530	2.971	3.707	3.309	3.668	4.947	5.875	8.393	+334%
Praghas ainmniúil (EUR/kg)	3,81	3,76	4,13	4,80	4,25	4,34	3,56	3,88	3,94	4,57	+20%

Foinse: Mionsaothrú EUMOFA ar shonraí EUROSTAT-COMEXT

In 2024, ba í an Ríocht Aontaithe an príomhsholáthróir colmóra go hÉirinn, ag onnmhairiú 523 tona – toirt a mhéadaigh 70% idir 2015 agus 2024. Ba í an Afraic Theas an dara soláthróir ba mhó le 501 tona, agus mhéadaigh a cuid onnmhairí go hÉirinn deich oiread le deich mbliana anuas. Ba sholáthróirí tábhachtacha iad an Fhrainc agus an Spáinn freisin, agus b'ionann iad le chéile agus 34% de thoirt iomlán allmhairí na hÉireann.

Ba í an Afraic Theas an príomhsholáthraí colmóra reoite, arb ionann é agus 58% de na thoirteanna allmhairí reoite. Ba ón Ríocht Aontaithe (51% de thoirt na n-allmhairí úra) agus ón bhFrainc (38%) a tháinig allmhairí colmóra úir den chuid is mó.

In 2024, ba é colmóir Eorpach 54% agus speicis eile colmóra 46% de thoirteanna colmóra allmhairithe (gan táirgí ullmhaithe agus leasaithe san áireamh). D'fhéadfadh gur cur i dtír colmóra ó shoithí eachtracha cuid de na hallmhairí colmóra Eorpaigh.

¹⁸ <https://bim.ie/wp-content/uploads/2024/09/BIM-The-Business-of-Seafood-2023-WEB.pdf>

Tábla 49: Forbairt allmhairí colmóra na hÉireann de réir soláthróra (i dtónaí meáchain táirge, 2015-2024)

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 2015/24
Ríocht Aontaithe	308	439	703	357	442	487	536	563	351	523	+70%
An Afraic Theas	49	192	179	118	274	243	420	395	465	501	+924%
An Fhrainc	2	57	19	19	0	4	0	46	268	361	N/B
An Spáinn	77	271	130	66	91	0	29	167	262	264	+243%
An Ísiltír	29	20	20	12	32	27	8	81	100	130	+344%
Tíortha eile	42	74	45	45	32	2	38	23	46	58	+40%
Iomlán	507	1.053	1.097	619	871	762	1.032	1.274	1.493	1.837	+262%

Foinse: Mionsaothrú EUMOFA ar shonraí EUROSTAT-COMEXT

Onnmhairí

B'ionann onnmhairí colmóra na hÉireann agus 325 tona in 2024, ar luach níos mó ná EUR 1 milliún. Idir 2015 agus 2024, laghdaigh toirteanna onnmhairithe 71%, agus laghdaigh an luach ainmniúil 56%. Cúitíodh an laghdú ghéar sin ar thoirt, go pointe áirithe, mar gheall ar ardú praghsanna, a mhéadaigh ó 2,17 EUR/kg go 3,29 EUR/kg i gcaitheamh na ndeich mbliana (+51% i dtéarmaí ainmniúla, +26% i dtéarmaí réadacha). B'ionann colmóir úr agus 81% de na toirteanna onnmhairithe (263 tona) agus 52% den luach onnmhairithe (EUR 561.000). De réir páirtithe leasmhara, níl sciar suntasach den cholmóir a chuireann cabhlaigh eachtracha i dtír in Éirinn agus a seoladh go díreach thar lear le feiceáil sna staitisticí onnmhairithe seo.

Ba í an Fhrainc príomhcheann scríbe onnmhairí colmóra na hÉireann in 2024, agus fuair sí 39% de na toirteanna a onnmhairíodh. I measc na gceann scríbe móra eile bhí an Ríocht Aontaithe (37%) agus an Spáinn (22%). Idir 2015 agus 2024, laghdaigh toirteanna onnmhairithe chuig an Fhrainc agus an Spáinn 35% agus 91%, faoi seach. Thuairiscigh páirtithe leasmhara gur stop allmhaireoirí móra na Spáinne ag fáil colmóra ó Éirinn mar gheall ar imní sábháilteachta a bhain leis an seadán *Anisakis*. Sa tréimhse chéanna, mhéadaigh onnmhairí chuig an Ríocht Aontaithe 26%.

In 2024, chuaigh formhór na n-onnmhairí colmóra úra chun na Fraince (47% de thoirt onnmhairithe úra) agus chun na Spáinne (27%) agus is dócha go raibh sciar de ghabhálacha Francacha agus Spáinneacha a cuireadh i dtír in Éirinn ina measc sin. Onnmhairíodh colmóir reoite chuig an Ríocht Aontaithe amháin, nó geall leis.

Tábla 50: Onnmhairí colmóra ó Éirinn de réir staid leasaithe (2024)

	Toirt (tonaí meáchain táirge)	Luach ainmniúil (1.000 EUR)	Praghas ainmniúil (EUR/kg)	% den luach 2024
Beo/Úr	263	561	2,13	52%
Reoite	53	458	8,69	43%
Ullmhaithe/leasaithe	10	52	5,36	5%
Iomlán	325	1.071	3,29	100%

Foinse: Mionsaothrú EUMOFA ar shonraí EUROSTAT-COMEXT

Tábla 51: Forbairt onnmhairí colmóra úir, reoite agus ullmhaithe na hÉireann (2015 -2024)

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 2015/24
Toirt (tonaí meáchain táirge)	1.113	1.759	1.835	1.250	598	583	822	413	381	325	-71%
Luach ainmniúil (1.000 EUR)	2.420	4.523	5.316	3.498	1.444	1.419	1.787	1.254	987	1.071	-56%
Praghas ainmniúil (EUR/kg)	2,17	2,57	2,90	2,80	2,41	2,43	2,17	3,03	2,59	3,29	+51%

Foinse: Mionsaothrú EUMOFA ar shonraí EUROSTAT-COMEXT

Tábla 52: Forbairt allmhairí colmóra na hÉireann de réir soláthróra (i dtonaí meáchain táirge, 2015-2024)

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 2015/24
An Fhrainc	194	207	178	149	106	60	249	139	76	127	-35%
Ríocht Aontaithe	96	92	68	107	169	176	134	118	159	120	26%
An Spáinn	817	1.418	1.496	989	314	329	428	126	133	71	-91%
Tíortha eile	7	42	92	5	8	18	12	31	14	7	12%
Iomlán	1.113	1.759	1.835	1.250	598	583	822	413	381	325	-71%

Foinse: EUROSTAT-COMEXT

5.1.3 Tomhaltas dealraitheach

Ós rud é nach bhfuil sonraí faoi ghabhálacha na hÉireann ar fáil do 2024, measadh tomhaltas dealraitheach do 2023.


In 2023, b'ionann an soláthar iomlán colmóra in Éirinn agus 5.875 tona in CBM, agus tháinig 59% (3.439 tona CBM) de ó ghabhálacha Éireannacha agus 41% (2.463 tona CBM) ó allmhairí. D'fhan an chuid is mó (91%) den soláthar sin ar an margadh intíre, rud a thug tomhaltas dealraitheach 5.371 tona CBM, agus onnmhairíodh 9% (504 tona CBM) de. Mhéadaigh tomhaltas dealraitheach 25% idir 2022 agus 2023, rud ar spreag ardú 57% ar allmhairí é.

Tábla 53: Tomhaltas dealraitheach colmóra in 2023 (i dtonaí CBM)

	Toirt	Difear 2022/23
Táirgeacht	3.439	+3%
Allmhairiú	2.463	+57%
Soláthar	5.875	+20%
Onnmhairiú	504	-11%
Tomhaltas dealraitheach	5.371	+25%

Foinse: Mionsaothrú EUMOFA ar shonraí EUROSTAT, EUROSTAT-COMEXT, EBT

Fíor 14: Comhardú soláthair colmóra in Éirinn (2023, i dtonaí CBM)



Foinse: Mionsaothrú EUMOFA bunaithe ar shonraí EUROSTAT, EBT

5.2 Saintréithe de mhargadh agus thomhaltas na hÉireann

5.2.1 Saintréithe den mhargadh Éireannach

Tá an colmóir ar cheann de na speicis éisc is mó a itear in Éirinn. De réir páirtithe leasmhara, tá sé i measc na gcúig phríomhspeiceas a dhíoltar i siopaí éisc agus margaí oscailte, agus tá sé ar fáil go forleathan freisin i mbialanna agus asraonta móra miondíola. Ar an iomlán, de réir BIM¹⁹, tá colmóir ar an seachtú speiceas éisc is luachmhaire dá ndíoltar ar miondíol.

Is iad na meáchain is coitianta a shainaithnítear i miondíol mór:

- **200-250 g** filléad/codanna beaga (gan chnámha, gan chraiceann, pacáistithe)
- **400-500 g** filléid (gan chnámha, le craiceann nó gan chraiceann, pacáistithe)

I gcomparáid le speicis eile éisc a dhíoltar in Éirinn, bíonn tóir ar leith ar cholmóir nuair atá sé úr agus gafa go háitiúil²⁰. De réir páirtithe leasmhara, áfach, ní dhíoltar colmóir iomlán ach go fíorannamh – go fiú ag ceannaithe éisc nó ag margaí oscailte. I miondíol mór, díoltar cuid mhór colmóra freisin mar fhilléid úra faoi ghrabhróga agus, go háirithe i siopaí lascaine, mar fhilléid reoite (faoi ghrabhróga nó a mhalairt). Murab ionann agus margadh na Spáinne agus na Fraince, tá margadh na hÉireann níos mó faoi anáil an mhiondíola agus tá cion níos mó d'fhilléid reoite, de tháirgí díreoite agus d'earraí próiseáilte (amhail iasc faoi ghrabhróga, méara éisc agus cácaí éisc) mar shaintréith ann²¹.

De réir páirtithe leasmhara, ní dhíolann siopaí éisc agus margaí oscailte ach filléid úra, nó geall leis, idir 200 g agus 500 g de ghnáth. I mbialanna, riartar colmóir mar fhilléid freisin, den chuid is mó.

Mhéadaigh allmhairí speiceas éisc ghil a úsáidtear in earnáil na próiseála éisc – ina measc sin trosc, cadóg, colmóir agus éisc sháile eile – in 2022 sular thit siad beagán in 2023. D'ardaigh meánphraghas na n-allmhairí sin 15% in 2022 agus ansin laghdaigh sé 5% in 2023²².

¹⁹ <https://bim.ie/wp-content/uploads/2024/09/BIM-The-Business-of-Seafood-2023-WEB.pdf>

²⁰ https://www.tcd.ie/tceh/projects/foodsmartdublin/recipes/December_Christmas/sustainability_hake.php

²¹ <https://northumberlandseafood.co.uk/portfolio-item/hake/>

²² <https://bim.ie/wp-content/uploads/2024/09/BIM-The-Business-of-Seafood-2023-WEB.pdf>

5.2.2 Tomhaltas

De réir BIM²³, ba é an colmóir an seachtú speiceas éisc is mó a tomhlaíodh i miondíol na hÉireann in 2024, agus bhí luach díolacháin EUR 10 milliún air. Léiríonn roinnt foinsí dinimiceas athnuaite i dtomhaltas ó 2023, tar éis dhá bhliain de mheath coibhneasta^{24, 25}. Mhéadaigh luach miondíola colmóra 16% idir 2022 agus 2023, sular tháinig laghdú 10% air idir 2023 agus 2024.

Itéar an colmóir ó cheann ceann na bliana. Ag brath ar threochtaí praghais, is minic a úsáidtear é in ionad speiceas eile iasc geal²⁶. De réir páirtithe leasmhara, mar gheall ar ardú praghsanna trosc le blianta beaga anuas, d'athraigh a lán bialann ó trosc go colmóir.

5.3 Tarchur praghais sa slabhra soláthair

5.3.1 Praghsanna céad díolacháin

Cé gur thit cur i dtír colmóra in Éirinn 14% idir 2023 agus 2024, go 2.530 tona in 2024, mhéadaigh an praghais céad díolacháin ainmniúil 23% sa tréimhse chéanna (+19% i dtéarmaí réadacha), agus shroich sé 3,79 EUR/kg in 2024. Idir 2016 agus 2024, laghdaigh toirteanna céad díolacháin colmóra 4%. Ag an am céanna, d'ardaigh an praghais ainmniúil céad díolacháin 59%. Níl sonraí ar thoirteanna céad díolacháin ná ar phraghsanna ainmniúla roimh 2016 ar fáil.

Tábla 54: Praghsanna céad díolacháin colmóra a cuireadh i dtír in Éirinn (2015-2024)

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 23/24	Difear 16/24
Toirt (tonaí meáchain táirge)	nc	2.864	2.900	3.109	2.691	2.625	2.927	2.652	2.955	2.530	-14%	-12%
Praghais ainmniúil (EUR/kg)	nc	2,39	2,57	2,01	2,79	2,38	2,57	3,23	3,08	3,79	+23%	+59%

Foinse: EUMOFA

Léiríonn sonraí míosúla ar thoirteanna agus praghsanna céad díolacháin séasúracht láidir i gcur i dtír, agus na toirteanna is airde san earrach (suas le 400 tona i Márta 2021 agus 2023) agus na cinn is ísle san fhómhar agus sa gheimhreadh (thart ar 100 tona). Ní léirítear an tséasúracht sin ach go páirteach i bpraghsanna, mar gheall go bhforlíontar cuid mhór den soláthar náisiúnta le hallmhairí, is dócha. Mhéadaigh praghsanna níos suntasaí le linn gheimhreadh 2023-2024 (os cionn 4,00 EUR/kg) agus gheimhreadh 2024-2025 (os cionn 4,50 EUR/kg).


²³ <https://bim.ie/wp-content/uploads/2024/09/BIM-The-Business-of-Seafood-2023-WEB.pdf>

²⁴ https://eumofa.eu/documents/20124/145239/EFM2024_EN.pdf/bd21aeb4-4a3e-3f6e-9f3f-b386fcb0a6ec?t=1733150606293

²⁵ Tuarascálacha BIM Gnó an Bhia Mara 2019, 2020, 2021, 2022, 2023 (luach)

²⁶ <https://thefishsite.com/articles/irish-consumers-spending-more-on-fish>

Fíor 15: Forbairt mhíosúil thoirt agus phraghsanna an chéad díolacháin (tonaí meáchain táirge agus luach ainmniúil, 2020-2024)



Foinse: EUMOFA

De réir páirtithe leasmhara, tá tionchar ag tosca éagsúla ar phraghsanna céad díolacháin colmóra in Éirinn. Go struchtúrach, athraíonn praghsanna den chuid is mó de réir mhéid an éisc agus an trealamh iascaireachta. Timpeall 1,00 EUR/kg an mheándifríocht praghais idir cineálacha trealamh, agus díoltare colmóir gafa le trálair ar thart ar 2,50 EUR/kg, i gcomparáid le thart ar 3,50 EUR/kg i gcás colmóra a gabhadh le heangach gheolbhaigh agus le saighean. Tá na difríochtaí praghais sin bunaithe ar éileamh den chuid is mó, mar gheall ar luach níos ísle ar mhargadh iasc a ghabhann trálair.

Taobh amuigh de shéasúracht, tá ról mór ag an aimsir freisin, a théann i bhfeidhm idir ar an soláthar agus ar an éileamh. Maidir le soláthar, laghdaíonn droch-aimsir gabhálacha agus ardaíonn sí praghsanna. Maidir le héileamh, méadaíonn dea-aimsir – go háirithe i rith an tsamhraidh – éileamh bialann, rud a ardaíonn praghsanna ar an margadh freisin.

5.3.2 Praghsanna allmhairithe agus onnmhairithe

In 2024, mhéadaigh meánphraghas táirgí colmóra allmhairithe 16% i gcomparáid le 2023 agus 20% le deich mbliana anuas (agus iad seasmhach i dtéarmaí réadacha). Ba é an meánphraghas ar cholmóir iomlán úr 3,72 EUR/kg (3,93 EUR/kg ar allmhairí ón Ríocht Aontaithe, an príomhsholáthraí), is ionann sin agus méadú 26% ó 2023. Ba é an meánphraghas ar fhilléid cholmóra reoite 5,67 EUR/kg (5,91 EUR/kg ar allmhairí ón Afraic Theas, an príomhsholáthraí), suas 9% i gcomparáid le 2023.

Tábla 55: Forbairt praghsanna allmhairithe colmóra de réir staid leasaithe agus cuir i láthair (luach ainmniúil, 2015-2024)

Leasú	Cur i láthair	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 2023/24	Difear 2015/24
Úr	Iomlán	2,80	2,75	3,43	3,75	3,87	2,98	2,83	3,11	2,95	3,72	+26%	+33%
Reoite	Iomlán	3,80	3,35	3,70	2,41	2,29	2,04	2,27	2,95	3,20	2,07	-35%	-46%
	Gearrthacha eile	5,08	nc	nc	nc	nc	nc	nc	3,50	5,51	7,59	+38%	+49%
	Filléad	4,47	4,58	4,88	5,69	4,50	4,79	4,52	4,82	5,20	5,67	+9%	+27%
Ullmhaithe/leasaithe	Gearrthacha eile	4,79	4,45	3,84	5,85	5,23	5,62	4,76	5,50	3,20	8,79	+175%	+84%
Meánphraghas na dtáirgí go léir		3,81	3,76	4,13	4,80	4,25	4,34	3,56	3,88	3,94	4,57	+16%	+20%

Foinse: EUMOFA bunaithe ar EUROSTAT-COMEXT

Mhéadaigh meánphraghas onnmhairithe táirgí colmóra 12% idir 2023 agus 2024 agus 51% idir 2015 agus 2024 (+26% i dtéarmaí réadacha). Idir 2023 agus 2024, d'ardaigh praghas colmóra iomláin úir 14%, agus mhéadaigh praghas filléad reoite 10%.

Tábla 56: Forbairt praghsanna onnmhairithe colmóra de réir staid leasaithe agus cuir i láthair (luach ainmniúil, 2020-2024)

Leasú	Cur i láthair	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Difear 2023/24	Difear 2015/24
Úr	Iomlán	2,15	2,57	2,94	2,83	2,41	2,35	1,85	2,79	1,88	2,13	+14%	-1%
Reoite	Iomlán	1,83	1,50	2,35	1,51	1,23	2,27	8,00	2,05	nc	nc	N/B	N/B
	Gearrthacha eile	nc	nc	nc	nc	nc	3,84	nc	nc	2,41	2,47	+2%	N/B
	Filléad	2,85	3,84	3,24	5,00	5,76	9,49	9,36	7,43	7,92	8,70	+10%	+205%
Ullmhaithe/leasaithe	Gearrthacha eile	nc	nc	5,18	6,01	5,02	nc	2,68	2,69	3,36	5,36	+60%	N/B
Meánphraghas na dtáirgí go léir		2,17	2,57	2,90	2,80	2,41	2,43	2,17	3,03	2,59	3,29	+27%	+51%

Foinse: EUMOFA bunaithe ar EUROSTAT-COMEXT

5.3.3 Praghsanna mórdhíola

Tá faisnéis theoranta ar fáil faoi phraghsanna margaidh mórdhíola colmóra in Éirinn. De réir páirtithe leasmhara, soláthraíonn allmhairí éisc reoite as an taobh amuigh de AE an margadh intíre den chuid is mó, agus onnmhairítear an chuid is mó den chholmóir a chuirtear i dtír in Éirinn. Bunaithe ar agallaimh, meastar gurb ionann an praghas mórdhíola/próiseálaí ar fhilleid chholmóra úir ó ghabhálacha Éireannacha a dhíoltar le hollmhargaí agus thart ar 16,00 EUR/kg in 2025. Tugann praghsanna allmhairithe (mar a chuirtear i láthair thuas) léiriú úsáideach ar leibhéal praghsanna mórdhíola ar tháirgí as an taobh amuigh den Aontas.

5.3.4 Praghsanna miondíola

De réir suirbhé ar an láthair a rinneadh i nGaillimh agus i mBaile Átha Cliath go luath in 2025, bíonn praghsanna miondíola idir 11,43 EUR/kg ar fhilleid faoi ghrabhróga a dhíoltar i siopaí lascaine agus 24,00 EUR/kg ar fhilleid úra a dhíoltar i siopaí bia den scoth. Luaigh páirtithe leasmhara go bhfuil nasc idir na praghsanna réasúnta íseal ar fhillteáin úra in ollmhargaí agus an cion ard d'iasc athúraithe as an taobh amuigh den Aontas (go háirithe *M. capensis*), nach ndealaíonn an suirbhé ó fhíortháirgí úra iad.

Aithníodh dhá chineál lipéid: ceann a leagann béim ar inbhuanaitheacht (táirge reoite amháin le deimhniú MSC) agus ceann eile a léiríonn bunús Éireannach (trí tháirge). Níl na lipéid sin le feiceáil le chéile ar an táirge céanna, mar níl deimhniú MSC ag colmóir a chuirtear i dtír in Éirinn nó a ghabh cabhlach na

Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um lascach agus Táirgí Dobharshaothraithe – Colmóir in AE

hÉireann. Is cosúil nach bhfuil tionchar suntasach ag an léiriú ar bhunús Éireannach ar phraghsanna, ach is cosúil go bhfuil tionchar ag an lipéad MSC ar phraghsanna ar tháirgí reoite allmhairithe.

De réir páirtithe leasmhara, is minic a lascainítear táirgí colmóra a dhíoltar ar miondíol.

Tábla 57: Praghsanna miondíola ar tháirgí colmóra a dhíoltar in Éirinn (luach ainmniúil, Feabhra-Márta 2025)

Ainm	Bealach díolacháin	Branda/lipéad	Leasú	Cur i láthair	Meáchan (g)	Praghas (EUR/kg)
Filléid ghambacha colmóra Éireannaigh faoi ghrabhróga	Ollmhargadh	Miondíoltóir/«de dhéantús na hÉireann»	Úr	Faoi ghrabhróga	0,350	11,43
Filléid cholmóra gan chraiceann	Ollmhargadh	Miondíoltóir/«Éireannach»	Úr	Filléad	0,420	11,90
Filléid cholmóra - scéimhe callógacha	Ollmhargadh	Miondíoltóir/ MSC	Reoite	Filléad	0,500	12,00
Filléid cholmóra Éireannaigh faoi ghrabhróga	Ollmhargadh	Miondíoltóir	Úr	Faoi ghrabhróga	0,300	13,33
Filléid cholmóra gan chraiceann	Ollmhargadh	Miondíoltóir	Úr	Filléad	0,250	14,00
Filléid cholmóra le líomóid agus piobar	Ollmhargadh	Miondíoltóir/«Éireannach»	Úr	Filléad	0,250	14,36
Filléid cholmóra Éireannaigh le gairleog agus luibheanna	Ollmhargadh	Miondíoltóir	Úr	Faoi ghrabhróga	0,250	14,36
Filléid cholmóra	Ollmhargadh	Próiseálaí	Úr	Filléad	0,400	15,73
Colmóir Éireannach - líomóid agus peirsil	Ollmhargadh	Próiseálaí	Reoite	Cáca	0,270	16,67
Colmóir airgid	Margadh oscailte		Úr	Filléad		21,50
Filléid cholmóra Éireannaigh fhiáin	Siopa bia den scoth	Próiseálaí	Úr	Filléad	0,250	24,00
Meánphraghas ar fhilléad úr						14,00
Meánphraghas ar fhilléad reoite						12,00
Meánphraghas ar iasc faoi ghrabhróga/cáca						12,86

Foinse: suirbhé ar an láthair a rinneadh i nGaillimh agus i mBaile Átha Cliath

Taispeánann forbhreathnú ar phraghsanna miondíola ar líne luachanna níos airde ná na luachanna a sainaithníodh le linn an tsuirbhé ar an láthair. Léiríonn sé sin na ndíolachán ar líne a cuireadh sa deighleog den mhargadh ar phraghas níos airde. De réir páirtithe leasmhara, is é easpa táirgí athúraithe, atá ar fáil go coitianta in ollmhargaí, i measc na dtairiscintí ar líne a chuireann leis an difríocht praghsanna freisin.

Tábla 58: Praghsanna miondíola ar líne ar tháirgí colmóra úir in Éirinn (luach ainmniúil, Feabhra 2025)

Táirge	Praghas (EUR/kg)
Iomlán úr, 1,75 kg	11,00
Filléad úr, 1 kg	17,90
Filléad úr, 500 g	17,90
Filléad úr, 2 kg	18,50
Filléad úr, 1 kg	19,50
Filléad úr, 500 g	19,50
Filléad úr, 500 g	19,90
Cuid úr (filléad beag), 200 g	18,00
Codanna úra (2), 360 g	20,83
Cuid úr, 200 g	24,75
Meánphraghas ar fhilléad úr	18,87
Meánphraghas ar chuid úr	21,19

Foinse: suirbhé ar shuíomhanna gréasáin miondíoltóirí Éireannacha

5.3.5 Tarchur praghsanna

Tá margadh tomhaltais na hÉireann deighilte idir colmóir Eorpach a chuirtear i dtír in Éirinn agus colmóir allmhairithe ón taobh amuigh de AE. Is éard atá sa dara ceann, den chuid is mó, táirgí athúraithe atá déanta de fhilléid reoite, a fhaightear ón Afraic Theas den chuid is mó.

Tá an anailís seo a leanas ar tharchur praghsanna – bunaithe ar shonraí cainníochtúla agus agallaimh a rinneadh in 2025 – dírithe ar cholmóir a ghabh cabhlach na hÉireann, a cuireadh i dtír in Éirinn, agus a dhíoltar mar fhilléid úra in ollmhargaí na hÉireann. Úsáidtear 6,00 EUR/kg mar phraghas tagartha céad díolacháin. Measann páirtithe leasmhara gur praghas maith é in 2025, ar cholmóir Éireannach atá ag dul do mhargadh na hÉireann. Tá sé i bhfad níos airde ná an meánphraghas céad díolacháin, a íslíonn toirteanna atá ag dul don onnmhairiú.

Thug páirtithe leasmhara le fios gurb ionann an praghas mórdhíola/próiseálaí, tar éis an fhilléadaithe agus an phacáistithe, agus thart ar 16,00 EUR/kg. Meastar gurb é 20,00-22,00 EUR/kg an praghas miondíola ar fhilléid cholmóra Éireannaigh den scoth, agus roghnaíodh an praghas is gaire dó ón suirbhé ar líne mar phraghas miondíola tagartha. Níorbh fhéidir idirdhealú a dhéanamh idir costais agus glanchorrlaigh ag na céimeanna mórdhíola, próiseála agus miondíola.


De réir páirtithe leasmhara, is é 14,00-15,00 EUR/kg meánphraghas miondíola filléad colmóra ón taobh amuigh den Aontas, i gcomhréir leis na torthaí ón suirbhé ar an láthair. Léiríonn sonraí EUROSTAT gurbh é 5,91 EUR/kg meánphraghas allmhairithe filléad reoite ón Afraic Theas in 2024. Níl eolas fós ar chostais ná ar chorrllaigh an tslabhra soláthair seo atá bunaithe ar allmhairí.

Tábla 59: Costais agus corrlaigh filléad úr colmóra a dhíoltar ar miondíol in Éirinn (2025)

Céim	Praghas (EUR/kg)	% den praghas deiridh	Foinse
Praghas céad díolacháin	6,00	30%	Agallamh
Crapadh	7,33	37%	Agallamh (55%)
Costais eile agus glanchorrach i mórdhíol/bpróiseáil	2,67	13%	Ríofa
Praghas an mhórdhíoltóra/phróiseálaí	16,00	80%	Agallamh
Costais eile agus glanchorrach i miondíol	3,90	20%	Ríofa
Praghas miondíola	19,90	100%	Suirbhé ar líne agus agallamh

Foinse: Suirbhé EUMOFA

Fíor 16: Costais agus corrlaigh filléad úr colmóra a dhíoltar ar miondíol in Éirinn (2025)



Foinse: Suirbhé EUMOFA

6 CONCLUÍD: Comparáid idir an tarchur praghais ar cholmóir sa Spáinn, sa Fhrainc agus in Éirinn

Soláthraíonn an staidéar seo anailísí ar tharchur praghsanna ar cholmóir i margaí na Spáinne, na Fraince agus na hÉireann. Sna trí thír, tá colmóir i measc na bpríomhspeiceas éisc úir dá n-itear. Mar sin féin, tá difríochtaí idir na margaí maidir le leibhéil tomhaltais, roghanna na dtomhaltóirí, cineálacha táirgí agus bealaí díolacháin.

Is í an Spáinn an margadh colmóra is mó san Aontas Eorpach, le tomhaltas dealraitheach 240.036 tona CBM in 2024. Is é colmóir an príomhspeiceas éisc úir, agus is ionann é agus 12% de thoirt iomlán éisc úir. Tá an margadh deighilte den chuid is mó de réir méide – *pescadilla* (1,5 kg) i gcomparáid le *merluza* (ó 2,5 go 5 kg) – agus de réir an mhodha iascaireachta. Díoltar colmóir úr mar iasc iomlán den chuid is mó.

Is í an Fhrainc an tríú tomhaltóir is mó, agus 47.965 tona de thomhaltas dealraitheach CBM aici in 2024. Cé go bhfuil colmóir fós ina speiceas tábhachtach, is lú tóir air ná sa Spáinn: rangáitear mar an 13ú iasc úr is mó a cheannaítear i miondíol, is é sin 2% den thoirt iomlán éisc úir. Tá margadh na Fraince deighilte den chuid is mó de réir méide agus cuir i láthair, agus de réir modha iascaireachta ach níos lú. Déanann sé idirdhealú idir *merluchon* (< 800 g) agus *merlu* (> 1,5 kg). Díoltar colmóir úr mar iasc iomlán nó mar fhilleid.

In Éirinn, tá colmóir ar an seachtú speiceas éisc is luachmhaire dá ndíoltar i miondíol. Ar leibhéal AE-27, is í an 11ú tír táirgeora í. Ar mhargadh na hÉireann, díoltar colmóir mar fhilleid i gcónaí, úr nó reoite. Tá ról láidir ag allmhairí sa mhargadh, agus díoltar reoite nó athúraithe iad in ollmhargaí, ar phraghsanna níos ísle ná colmóir a ghabhtar sa tír féin.

Iasc úr iomlán sa Spáinn, filléid úra sa Fhrainc agus filléid úra in Éirinn ab ea na táirgí a roghnaíodh do na hanailísí ar an struchtúr praghsanna. Sna trí BS, is ó tháirgeacht náisiúnta (cabhlach náisiúnta agus cur i dtír sa tír féin) an t-iasc a scrúdaítear agus díoltar an táirge deiridh trí mhiondíol mórsála. A mhaithe le comhsheasmhacht ó struchtúir praghsanna go chéile, fágadh éisc bheaga (< 600 g) agus éisc spiléir amach as an áireamh san anailís.

Tábla 60: Anailísí ar struchtúr praghais sa Spáinn, sa Fhrainc agus in Éirinn (2024/2025)

Margadh	An Spáinn (2024)	An Fhrainc (2024)	Éire (2025)
Saintréithe an táirge	Iomlán úr	Filléad úr	Filléad úr
Bealach díolacháin	Miondíol mór	Miondíol mór	Miondíol mór
Praghas céad díolacháin colmóra	6,35	4,22	6,00
<i>Costais agus corrlach i mórdhíol (sciar den phraghas miondíola, gan crapadh san áireamh)</i>	18%	16%	13%
Praghas mórdhíola	11,26	13,01	16,00
<i>Costais agus corrlach i miondíol (sciar den phraghas miondíola, gan crapadh san áireamh)</i>	41%	35%	20%
Praghas miondíola CBL san áireamh	21,18	19,90	19,90

Foinse: EUMOFA

Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um lascach agus Táirgí Dobharshaothraithe – Colmóir in AE

Tá an struchtúr praghsanna na Spáinne difriúil le struchtúr praghsanna na Fraince agus na hÉireann toisc gurb é iasc úr ar fad an táirge miondíola sa Spáinn. De réir Aireacht Talmhaíochta, lascaigh agus Bia na Spáinne (MAPA), shroich **meánphraghas céad díolacháin** colmóra úir in 2024 6,35 EUR/kg ar *merluza* agus 5,53 EUR/kg ar *pescadilla*. Sa Fhrainc, bhí meánphraghsanna céad díolacháin sna príomhchalafoirt idir 3,83 EUR/kg in Guilvinec agus 4,60 EUR/kg in St Jean-de-Luz, rud a léiríonn difríochtaí sna modhanna iascaireachta den chuid is mó. Is é 6,35 EUR/kg sa Spáinn agus 4,22 EUR/kg sa Fhrainc in 2024, agus 6,00 EUR/kg in Éirinn in 2025 praghas an chéad díolacháin ar ghabhálacha atá le díol go háitiúil ar miondíol mar fhillead úr.

De réir MAPA, shroich **praghsanna mórdhíola** na Spáinne 11,26 EUR/kg ar *merluza* agus 8,16 EUR/kg ar *pescadilla* in 2024. Taispeánann sonraí ón margadh mórdhíola raon leathan praghsanna, ó 6,20 EUR/kg in Barcelona ar *pescadilla* faoi bhun 0,5 kg go 27,00 EUR/kg i Maidrid ar *merluza* a gabhadh le slat. Sa Fhrainc, bhí praghsanna mórdhíola ar chholmóir úr iomlán níos ísle agus raon níos cúinge acu ag margadh Rungis, idir 6,39 EUR/kg (iasc 1-2 kg) agus 9,20 EUR/kg (iasc 3-4 kg). Thuairiscigh páirtithe leasmhara sa Fhrainc praghsanna mórdhíola ar fhilleid chholmóra úir idir 10,00 EUR/kg agus 15,00 EUR/kg in 2024. In Éirinn, mar a n-onnmhairítear an chuid is mó de na colmóirí a chuirtear i dtír, tá sonraí faoi phraghsanna mórdhíola teoranta; mar sin féin, mheas páirtithe leasmhara praghas mórdhíola/próiseálaí 16,00 EUR/kg in 2025 – níos airde ná mar a bhí sa Spáinn agus sa Fhrainc.

De réir ár n-anailíse ar struchtúr praghsanna, is ionann **costais agus corrlaigh mhórdhíola**, gan crapadh ó fhilleadú a chur san áireamh, agus 18% den phraghas miondíola sa Spáinn (iasc iomlán), 16% sa Fhrainc, agus 13% in Éirinn (fillead éisc).

Sa Spáinn in 2024, shroich **praghsanna miondíola** 18,21 EUR/kg ar chholmóir úr iomlán agus 19,25 EUR/kg ar chholmóir úr gan cheann. Sa Fhrainc in 2025, b'ionann praghsanna miondíola agus 18,00 EUR/kg ar chholmóir úr iomlán agus 19,90 EUR/kg ar fhilleid chholmóra úir. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfoilsíonn na haireachtaí talmhaíochta (MAPA agus FranceAgriMer) sa Spáinn agus sa Fhrainc araon meánphraghsanna miondíola a chuimsíonn gach cineál táirge agus gach bunús: 10,83 EUR/kg sa Spáinn agus 14,30 EUR/kg sa Fhrainc in 2024. Léiríonn na meáin níos ísle sin gurb ann do chholmóir ón taobh amuigh de AE ar an dá mhargadh, rud a dhearbhaíonn suirbhéanna ollmhargaidh ar líne. In Éirinn, shroich praghsanna miondíola ar fhilleid chholmóra úir ó ghabhálacha náisiúnta 19,90 EUR/kg in 2025. Léiríonn suirbhéanna ar an láthair agus agallaimh le páirtithe leasmhara go bhfuil margadh na hÉireann deighilte, agus filléid allmhairithe reoite agus athúraithe ar phraghas idir 11,00 agus 15,00 EUR/kg go forleathan ann.

De réir ár n-anailísí, is ionann **costais agus corrlaigh mhiondíola**, gan crapadh a chur san áireamh, agus 41% den phraghas miondíola sa Spáinn (iasc iomlán úr agus gan inní), 35% sa Fhrainc agus 20% in Éirinn (filleid úra).

Is mór an toisc margaidh é ag na céimeanna mórdhíola agus trádála scaipeadh an tseadáin **Anisakis** i gcriosanna iascaireachta i mBá na Bioscáine agus amach ó iarthar na hÉireann. Tháinig an fhadhb sláintíochta sin chun cinn go láidir in 2024 agus bhí tionchar suntasach aici ar shreafaí trádála agus ar dhifreáil praghsanna de réir bunúis. Tuairiscíonn páirtithe leasmhara sa Fhrainc breis shuntasach ar phraghas colmóra a ghabhtar sa Mhuir Thuaidh i gcomparáid le héisc ó Bhá na Bioscáine agus ó iarthar na hÉireann. Tugann páirtithe leasmhara in Éirinn le fios gur stad mórdhioltóirí móra sa Spáinn de chholmóir Éireannach a allmhairiú mar gheall ar an ráig de *Anisakis*, rud a d'fhág nach bhfuil an colmóir a gabhadh in Éirinn le fáil ach ar an margadh intíre.

NA PÁIRTITHE LEASMHARA A CUIREADH FAOI AGALLAMH

- An Spáinn
 - Eagraíochtaí táirgeoirí (2)
 - Asociación de Empresarios Mayoristas de Pescados de Madrid (AEMPM)
 - Fedepesca
- An Fhrainc
 - Eagraíochtaí Táirgeoirí (2)
 - Calafort iascaireachta
 - Mórdhíoltóir/mareyeur
- Éire
 - Eagraíocht Táirgeoirí Éisc na hÉireann Theas agus Thiar (ISWFPO)
 - Mórdhíoltóir
 - Mórdhíoltóir/onnmhaireoir
 - Mórdhíoltóir/ceannai éisc

EUM OFA

European Market Observatory for
Fisheries and Aquaculture Products



www.eumofa.eu



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

ISBN 978-92-68-36497-0

doi:10.2771/2938408